3. *Chun críocha fho-cheannteidil 2307 00 11, 2307 00 19, 2308 00 11 agus 2308 00 19, beidh leis na habairtí seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh leis seo:*

— *'céatadán alcóil iarbhír de réir na maise': an líon cileagram d'alcól ion atá in 100 kg den táirge,*

— *'céatadán alcóil féideartha de réir na maise': an líon cileagram d'alcól ion ab fhéidir a tháirgeadh trí choipeadh iomlán a dhéanamh ar na siúcraí atá in 100 kg den táirge,*

— *'céatadán alcóil iomlán de réir na maise': suim an nirt alcóil iarbhír agus an nirt alcóil fhéideartha,*

— *'% mas': an tsiombail le haghaidh an chéatadáin alcóil iomláin de réir na maise.*

4. *Chun críocha fho-cheannteidil 2309 10 11 go 2309 10 70 agus 2309 90 31 go 2309 90 70, ciallaíonn 'táirgí bainne' na táirgí atá faoi cheannteidil 0401, 0402, 0404, 0405 agus 0406 agus faoi fho-cheannteidil 0403 20 11 go 0403 20 39, 0403 90 11 go 0403 90 69, 1702 11 00, 1702 19 00 agus 2106 90 51.*

5. *Ní áirítear le fo-cheannteideal 2309 90 20 ach iarmhair ó mhonarú stáirse as min bhuí, agus ní chumhdaítear leis cumaisc ina gcuirtear iarmhar den sórt sin le táirgí a fhaightear ó phlandaí eile nó táirgí a fhaightear ón min bhuí, seachas le linn próiseáil stáirse tríd an bpróiseas fliuch, táirgí ina bhfuil:*

— *ábhair chriathraithe ó mhin bhuí a úsáidtear sa phróiseas fliuch i gcion nach mó ná 15 % de réir meáchain, agus/nó*

— *iarmhair uisce maois arbhair Indiaigh, ón bpróiseas fliuch, lena n-áirítear iarmhair ó uisce maothaithe a úsáidtear le haghaidh monarú alcóil nó táirgí eile a fhaightear ó stáirse.*

Iarmhair ó eastócadh ola ginidín na mine buí trí phróiseas na muilleoireachta fliche, sin iarmhar a tharlódh sna táirgí sin freisin.

Ní bheidh an cion stáirse atá iontu a bheith níos mó ná 28 % de réir meáchain ar an táirge tirim, i gcomhréir leis an modh atá in Iarscríbhinn III, cuid K a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún, agus ní fhéadfaidh an cion saille atá iontu a bheith níos mó ná 4,5 % de réir meáchain ar an táirge tirim, rud a chinntear i gcomhréir leis an modh atá in Iarscríbhinn III, cuid G, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009, agus ní bheidh an cion próitéine atá iontu a bheith níos mó ná 40 % ar an táirge tirim, rud a chinntear i gcomhréir leis an modh atá in Iarscríbhinn III, cuid C, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 152/2009.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2301	**Plúir, min agus millíní, ó fheoil agus ó scairteach feola, ó éisc nó ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh eile uisce, atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine; geirdheascadh:**		
2301 10 00	– **Plúir, min agus millíní, ó fheoil nó ó scairteach feola; geirdheascadh**	Díolúine	—
2301 20 00	– **Plúir, min agus millíní, ó éisc nó ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh eile uisce**	Díolúine	—
2302	**Bran, géara agus iarmhair eile, bídís i bhfoirm millíní nó ná bídís, a fhaightear ó ghránaigh nó ó phlandaí léagúmacha a chriathrú, a mhuilleáil nó a phróiseáil ar bhealach eile:**		
2302 10	– **ó arbhar Indiach (arbhar):**		
2302 10 10	– – ina bhfuil cion stáirse nach mó ná 35 % de réir meáchain	44 €/t	—
2302 10 90	– – eile	89 €/t	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2302 30	– **ó chruithneacht:**		
2302 30 10	–– ina bhfuil cion stáirse nach mó ná 28 % de réir meáchain, agus nach mó ná 10 % de réir meáchain an chuid sin díobh a théann trí chriathar ina bhfuil cróite 0,2 mm nó a bhfuil an cion luatha atá sa chuid sin díobh a théann tríd an gcriathar, arna ríomh de réir an táirge thirim, cothrom le 1,5 % nó ar mó ná 1,5 % an cion luatha sin de réir meáchain	44 €/t (1) (2)	—
2302 30 90	–– eile	89 €/t (1)	—
2302 40	– **ó ghránaigh eile:**		
	–– ó rís:		
2302 40 02	––– ina bhfuil cion stáirse nach mó ná 35 % de réir meáchain	44 €/t	—
2302 40 08	––– eile	89 €/t	—
	–– eile:		
2302 40 10	––– ina bhfuil cion stáirse nach mó ná 28 % de réir meáchain, agus nach mó ná 10 % de réir meáchain an chuid sin díobh a théann trí chriathar ina bhfuil cróite 0,2 mm nó a bhfuil an cion luatha atá sa chuid sin díobh a théann tríd an gcriathar, arna ríomh de réir an táirge thirim, cothrom le 1,5 % nó ar mó ná 1,5 % an cion luatha sin de réir meáchain	44 €/t (1) (2)	—
2302 40 90	––– eile	89 €/t (1)	—
2302 50 00	– **ó phlandaí léagúmacha**	5,1	—
2303	**Iarmhair ó mhonarú stáirse agus iarmhair chomhchosúla, laíon biatais, bagás agus dramhaíl eile ó mhonarú siúcra, dríodar agus dramhaíl ó ghrúdaireacht nó ó dhriogadh, bídís i bhfoirm millíní nó ná bídís:**		
2303 10	– **Iarmhair ó mhonarú stáirse agus iarmhair chomhchosúla:**		
	–– Iarmhair ó mhonarú stáirse ó arbhar Indiach (gan licéir thiubhaithe lena gcur ar maos a áireamh), ina bhfuil cion próitéine, arna ríomh de réir an táirge thirim:		
2303 10 11	––– is mó ná 40 % de réir meáchain	320 €/t (1)	—
2303 10 19	––– nach mó ná 40 % de réir meáchain	Díolúine (3)	—
2303 10 90	–– eile	Díolúine (3)	—
2303 20	– **Laíon biatais, bagás agus dramhaíl eile ó mhonarú siúcra:**		
2303 20 10	–– Laíon biatais	Díolúine (3)	—
2303 20 90	–– eile	Díolúine (3)	—
2303 30 00	– **Dríodar agus dramhaíl ó ghrúdaireacht nó ó dhriogadh**	Díolúine (3)	—
2304 00 00	**Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, a thagann ó ola pónairí soighe a úscadh**	Díolúine (3)	—
2305 00 00	**Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, a thagann ó ola piseanna talún a úscadh**	Díolúine (3)	—

(1) Taraif-chuóta EDT. Níl feidhm ag an gcuóta seo maidir le táirgí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu.

(2) Dleacht is infheidhme, seachas i gcás táirgí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise nó táirgí a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach uathu, a bhfuil ráta 95 €/t i bhfeidhm maidir leo.

(3) Dleacht is infheidhme, seachas i gcás táirgí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise nó táirgí a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach uathu, a bhfuil dleacht *ad valorem* 50 % i bhfeidhm maidir leo.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2306	**Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, a thagann ó shaillte plandúla nó miocróbacha nó ó olaí plandúla nó miocróbacha a úscadh, seachas na cinn atá faoi cheannteideal 2304 nó 2305:**		
2306 10 00	– **ó shíolta cadáis**	Díolúine ([1])	—
2306 20 00	– **ó ros lín**	Díolúine ([1])	—
2306 30 00	– **ó shíolta lus na gréine**	Díolúine ([1])	—
	– **ó shíolta ráibe nó ó shíolta colsa:**		
2306 41 00	–– **ó shíolta ráibe nó ó shíolta colsa íseal-aigéid éarúcaigh**	Díolúine ([1])	—
2306 49 00	–– **eile**	Díolúine ([1])	—
2306 50 00	– **ó chnónna cócó nó copra**	Díolúine ([1])	—
2306 60 00	– **ó chnónna pailme nó eithní**	Díolúine ([1])	—
2306 90	– **eile:**		
2306 90 05	–– ó ghinidín arbhair Indiaigh (arbhar)	Díolúine ([1])	—
	–– eile:		
	––– Cáca ola agus iarmhair eile a thagann ó ola olóige a úscadh:		
2306 90 11	–––– ina bhfuil 3 % nó níos lú ola olóige de réir meáchain	Díolúine	—
2306 90 19	–––– ina bhfuil níos mó ná 3 % ola olóige de réir meáchain	48 €/t	—
2306 90 90	––– eile	Díolúine ([1])	—
2307 00	**Moirt fíona; argol:**		
	– Moirt fíona:		
2307 00 11	–– nach mó ná 7,9 % mas a neart alcóil iomlán de réir maise agus ina bhfuil cion ábhair thirim nach lú ná 25 % de réir meáchain	Díolúine	—
2307 00 19	–– eile	1,62 €/kg/tot. alc.	—
2307 00 90	– Argol	Díolúine	—
2308 00	**Ábhair glasraí agus dramhaíl glasraí, iarmhair glasraí agus seachtháirgí glasraí, bídís i bhfoirm millíní nó ná bídís, de chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile:**		
	– Marc fíonchaor:		
2308 00 11	–– nach mó ná 4,3 % mas a neart alcóil iomlán de réir maise agus ina bhfuil cion ábhair thirim nach lú ná 40 % de réir meáchain	Díolúine	—
2308 00 19	–– eile	1,62 €/kg/tot. alc.	—
2308 00 40	– Dearcáin agus cnónna capaill; marc torthaí, seachas fíonchaora	Díolúine	—
2308 00 90	– eile	1,6 ([1])	—

([1]) Dleacht is infheidhme, seachas i gcás táirgí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise nó táirgí a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach uathu, a bhfuil dleacht *ad valorem* 50 % i bhfeidhm maidir leo.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2309	**Ullmhóidí de chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe:**		
2309 10	– **Bia madraí nó bia cat, atá cóirithe lena mhiondíol:**		
	–– ina bhfuil stáirse, glúcós, síoróip glúcóis, maltaideislin nó síoróip mhaltaideisline atá faoi na fo-cheannteidil 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 90, 1702 90 50 agus 2106 90 55 nó táirgí bainne:		
	––– ina bhfuil stáirse, glúcós, síoróip glúcóis, maltaideislin nó síoróip mhaltaideisline:		
	–––– nach bhfuil aon stáirse ann nó ina bhfuil 10 % nó níos lú stáirse de réir meáchain:		
2309 10 11	––––– nach bhfuil aon táirge bainne ann nó ar lú ná 10 % na táirgí den sórt sin atá ann de réir meáchain	Díolúine	—
2309 10 13	––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 10 % ach is lú ná 50 % de réir meáchain	498 €/t (1)	—
2309 10 15	––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 50 % ach is lú ná 75 % de réir meáchain	730 €/t (1)	—
2309 10 19	––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 75 % de réir meáchain	948 €/t (1)	—
	–––– ina bhfuil cion stáirse is mó ná 10 % ach nach mó ná 30 % de réir meáchain:		
2309 10 31	––––– nach bhfuil aon táirge bainne ann nó ar lú ná 10 % na táirgí den sórt sin atá ann de réir meáchain	Díolúine	—
2309 10 33	––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 10 % ach is lú ná 50 % de réir meáchain	530 €/t (1)	—
2309 10 39	––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 50 % de réir meáchain	888 €/t (1)	—
	–––– ina bhfuil níos mó ná 30 % stáirse de réir meáchain:		
2309 10 51	––––– nach bhfuil aon táirge bainne ann nó ar lú ná 10 % na táirgí den sórt sin atá ann de réir meáchain	102 €/t (1)	—
2309 10 53	––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 10 % ach is lú ná 50 % de réir meáchain	577 €/t (1)	—
2309 10 59	––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 50 % de réir meáchain	730 €/t (1)	—
2309 10 70	––– nach bhfuil aon stáirse, glúcós, síoróip glúcóis, maltaideislin nó síoróip mhaltaideisline ann ach a bhfuil táirgí bainne ann	948 €/t (1)	—
2309 10 90	–– eile	9,6	—
2309 90	– **eile:**		
2309 90 10	–– Ábhair intuaslagtha ó éisc nó ó mhamaigh mhuirí	3,8	—
2309 90 20	–– Táirgí dá dtagraítear i nóta ceannteidil 5 a ghabhann leis an gcaibidil seo	Díolúine (2)	—

(1) Taraif-chuóta EDT.

(2) Dleacht is infheidhme, seachas i gcás táirgí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise nó táirgí a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach uathu, a bhfuil dleacht *ad valorem* 50 % i bhfeidhm maidir leo.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	–– eile, lena n-áirítear réamh-mheascáin:		
	––– ina bhfuil stáirse, glúcós, síoróip glúcóis, maltaideislin nó síoróip mhaltaideisline atá faoi na fo-cheannteidil 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 90, 1702 90 50 agus 2106 90 55 nó táirgí bainne:		
	–––– ina bhfuil stáirse, glúcós, síoróip glúcóis, maltaideislin nó síoróip mhaltaideisline:		
	––––– nach bhfuil aon stáirse ann nó a bhfuil 10 % nó níos lú stáirse ann de réir meáchain:		
2309 90 31	–––––– nach bhfuil aon táirge bainne ann nó ar lú ná 10 % na táirgí den sórt sin atá ann de réir meáchain	23 €/t (1) (2)	—
2309 90 33	–––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 10 % ach is lú ná 50 % de réir meáchain	498 €/t	—
2309 90 35	–––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 50 % ach is lú ná 75 % de réir meáchain	730 €/t	—
2309 90 39	–––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 75 % de réir meáchain	948 €/t	—
	––––– ina bhfuil cion stáirse is mó ná 10 % ach nach mó ná 30 % de réir meáchain:		
2309 90 41	–––––– nach bhfuil aon táirge bainne ann nó ar lú ná 10 % na táirgí den sórt sin atá ann de réir meáchain	55 €/t (1) (2)	—
2309 90 43	–––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 10 % ach is lú ná 50 % de réir meáchain	530 €/t	—
2309 90 49	–––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 50 % de réir meáchain	888 €/t	—
	––––– ina bhfuil níos mó ná 30 % stáirse de réir meáchain:		
2309 90 51	–––––– nach bhfuil aon táirge bainne ann nó ar lú ná 10 % na táirgí den sórt sin atá ann de réir meáchain	102 €/t (1) (2)	—
2309 90 53	–––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 10 % ach is lú ná 50 % de réir meáchain	577 €/t	—
2309 90 59	–––––– ina bhfuil cion táirgí bainne nach lú ná 50 % de réir meáchain	730 €/t	—
2309 90 70	–––– nach bhfuil aon stáirse, glúcós, síoróip glúcóis, maltaideislin nó síoróip mhaltaideisline ann ach a bhfuil táirgí bainne ann	948 €/t	—
	––– eile:		
2309 90 91	–––– Laíon biatais a bhfuil molás curtha leis	12 (2)	—
2309 90 96	–––– eile	9,6 (2)	—

(1) Taraif-chuóta EDT. Níl feidhm ag an gcuóta seo maidir le táirgí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe go díreach nó go hindíreach uathu.

(2) Dleacht is infheidhme, seachas i gcás táirgí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise nó táirgí a onnmhairítear go díreach nó go hindíreach uathu, a bhfuil dleacht *ad valorem* 50 % i bhfeidhm maidir leo.

CAIBIDIL 24

TOBAC AGUS IONADAIGH TOBAC MHONARAITHE; TÁIRGÍ, BÍODH NICITÍN IONTU NÓ NÁ BÍODH, ATÁ CEAPTHA LENA NIONANÁLÚ GAN DÓCHÁN; TÁIRGÍ EILE A BHFUIL NICITÍN IONTU ATÁ CEAPTHA LE NICITÍN A IONTÓGÁIL I GCORP AN DUINE

Nótaí

1. Ní chumhdaíonn an Chaibidil seo toitíní míochaine (Caibidil 30).

2. Aon táirge is féidir a aicmiú i gceannteideal 2404 agus in aon cheannteideal eile den chaibidil, aicmeofar iad i gceannteideal 2404.

3. Chun críocha cheannteideal 2404, ciallaíonn 'ionanálú gan dóchán' ionanálú trína théamh nó ar bhealach eile, gan dóchán.

Nóta fo-cheannteidil

1. Chun críocha fho-cheannteideal 2403 11 ciallaíonn 'tobac an phíopa uisce' tobac is beartaithe a chaitheamh i bpíopa uisce agus meascán ann de thobac agus gliocról, bíodh olaí aramatacha agus eastóscáin iontu, mólas nó siúcra, nó ná bíodh, agus bídís blaistithe le torthaí nó ná bíodh. Eisiatar ón bhfo-cheannteideal seo áfach, táirgí gan tobac is beartaithe a gcaitheamh i bpíopa uisce.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2401	**Tobac neamh-mhonaraithe; iarmhar tobac:**		
2401 10	– **Tobac, nach bhfuil na gais bainte de/nach bhfuil rúiscthe:**		
2401 10 35	–– Tobac aerleasaithe geal	11,2 MIN 22 € MAX 56 €/100 kg/net ([1])	—
2401 10 60	–– Tobac grianleasaithe de chineál Oirthearach	11,2 MIN 22 € MAX 56 €/100 kg/net	—
2401 10 70	–– Tobac aerleasaithe dorcha	11,2 MIN 22 € MAX 56 €/100 kg/net	—
2401 10 85	–– Tobac múchánleasaithe dorcha	11,2 MIN 22 € MAX 56 €/100 kg/net ([2])	—
2401 10 95	–– eile	10 MIN 22 € MAX 56 €/100 kg/net ([3])	—
2401 20	– **Tobac a bhfuil na gais bainte de/atá rúiscthe go páirteach nó go hiomlán:**		
2401 20 35	–– Tobac aerleasaithe geal	11,2 MIN 22 € MAX 56 €/100 kg/net ([1])	—

([1]) Cóireáil fhabhrach taraife le haghaidh 'tobac aerleasaithe geal de chineál Burley (lena n-áirítear hibridí Burley)' agus 'tobac aerleasaithe geal de chineál Maryland': 18,4 MIN 22 € MAX 24 €/100 kg/net. Tá an chóireáil fhabhrach taraife sin faoi réir chomhlíonadh na bhfoirmiúlachtaí agus na gcoinníollachaa leagtar síos i roinn II, mír F, de na réamhfhorálacha.

([2]) Cóireáil fhabhrach taraife le haghaidh tobac 'múchánleasaithe de chineál Virginia': 18,4 MIN 22 € MAX 24 €/100 kg/net. Tá an chóireáil fhabhrach taraife sin faoi réir chomhlíonadhna bhfoirmiúlachtaí agus na gcoinníollacha a leagtar síos i roinn II, mír F, de na réamhfhorálacha.

([3]) Cóireáil fhabhrach taraife le haghaidh 'tobac tine-leasaithe': 18,4 MIN 22 € MAX 24 €/100 kg/net. Tá an chóireáil fhabhrach taraife sin faoi réir chomhlíonadh na bhfoirmiúlachtaí agus na gcoinníollacha a leagtar síos i roinn II, mír F, de na réamhfhorálacha.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2401 20 60	–– Tobac grianleasaithe de chineál Oirthearach	11,2 MIN 22 € MAX 56 €/100 kg/net	—
2401 20 70	–– Tobac aerleasaithe dorcha	11,2 MIN 22 € MAX 56 €/100 kg/net	—
2401 20 85	–– Tobac múchánleasaithe dorcha	11,2 MIN 22 € MAX 56 €/100 kg/net (1)	—
2401 20 95	–– eile	11,2 MIN 22 € MAX 56 €/100 kg/net (2)	—
2401 30 00	– **Iarmhar tobac**	11,2 MIN 22 € MAX 56 €/100 kg/net	—
2402	**Todóga, seiriúit, todóigíní agus toitíní, as tobac nó as ionadaigh thobac:**		
2402 10 00	– **Todóga, seiriúit agus todóigíní, ina bhfuil tobac**	26	1 000 p/st
2402 20	– **Toitíní ina bhfuil tobac:**		
2402 20 10	–– ina bhfuil clóibh	10	1 000 p/st
2402 20 90	–– eile	57,6	1 000 p/st
2402 90 00	– **eile**	57,6	—
2403	**Tobac monaraithe agus ionadaigh tobac monaraithe eile; tobac 'homaiginithe' nó 'athdhéanta'; úisc agus úscraí tobac:**		
	– **Tobac lena chaitheamh, bíodh cion éigin d'ionadaigh thobac ann nó ná bíodh:**		
2403 11 00	–– **Tobac píopa uisce atá sonraithe i nóta fo-cheannteidil 1 a ghabhann leis an gcaibidil seo**	74,9	—
2403 19	–– **eile:**		
2403 19 10	––– é i gcéadphacáistithe de ghlanmhéid nach mó ná 500 g	74,9	—
2403 19 90	––– eile	74,9	—
	– **eile:**		
2403 91 00	–– **Tobac 'homaiginithe' nó 'athdhéanta'**	16,6	—
2403 99	–– **eile:**		
2403 99 10	––– Tobac coganta agus snaois (tobac sróine)	41,6	—
2403 99 90	––– eile	16,6	—

(1) Cóireáil fhabhrach taraife le haghaidh tobac 'múchánleasaithe de chineál Virginia': 18,4 MIN 22 € MAX 24 €/100 kg/net. Tá an chóireáil fhabhrach taraife sin faoi réir chomhlíonadhna bhfoirmiúlachtaí agus na gcoinníollacha a leagtar síos i roinn II, mír F, de na réamhfhorálacha.

(2) Cóireáil fhabhrach taraife le haghaidh 'tobac tine-leasaithe': 18,4 MIN 22 € MAX 24 €/100 kg/net. Tá an chóireáil fhabhrach taraife sin faoi réir chomhlíonadh na bhfoirmiúlachtaí agus na gcoinníollacha a leagtar síos i roinn II, mír F, de na réamhfhorálacha.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2404	**Táirgí a bhfuil tobac, tobac athdhéanta nó nicitín iontu, nó ionadaigh thobac nó nicitín iontu, atá ceaptha lena n-ionanálú gan dóchán; táirgí eile a bhfuil nicitín iontu atá ceaptha le nicitín a iontógáil i gcorp an duine:**		
	– **Táirgí atá ceaptha lena n-ionanálú gan dóchán:**		
2404 11 00	–– **a bhfuil tobac nó tobac athdhéanta iontu**	16,6	—
2404 12 00	–– **eile, a bhfuil nicitín iontu**	6,5	—
2404 19	–– **eile:**		
2404 19 10	––– a bhfuil ionadaigh tobac iontu	16,6	—
2404 19 90	––– eile	6,5	—
	– **eile:**		
2404 91	–– **lena úsáid tríd an mbéal:**		
2404 91 10	––– Táirgí a bhfuil nicitín iontu atá ceaptha chun cabhrú le deireadh a chur le húsáid tobac	12,8	—
2404 91 90	––– eile	16,6	—
2404 92 00	–– **lena úsáid go trasdeirmeach**	Díolúine	—
2404 99 00	–– **eile**	6,5	—

ROINN V

TÁIRGÍ MIANRACHA

CAIBIDIL 25

SALANN; SULFAR; ITHREACHA AGUS CLOCHA; ÁBHAIR PHLÁSTRÁLA, AOL AGUS STROIGHIN

Nótaí

1. Ach amháin i gcás ina n-éilítear a mhalairt de bharr an chomhthéacs atá leo, nó de bharr nóta 4 a ghabhann leis an gcaibidil seo, ní chumhdaítear le ceannteidil na caibidle seo ach táirgí atá amh nó táirgí atá nite (fiú le substaintí ceimiceacha a dhéanann na heisíontais a dhíothú gan struchtúr an táirge a athrú), iad brúite, meilte, púdraithe, taos déanta díobh, iad criathraithe, scagtha, tiubhaithe trí shnámhacht, trí dheighilt mhaighnéadach nó trí phróisis mheicniúla nó fhisiceacha eile (ach amháin an criostalú), ach ní táirgí atá rósta, cailcínithe, táirgí a fhaightear trí mheascadh nó táirgí a bhfuil próiseáil déanta orthu thar a luaitear i ngach ceannteideal.

   D'fhéadfadh oibreán frithdhusta a bheith sna táirgí atá sa chaibidil seo, ar an gcoinníoll nach bhfágfaidh an t-oibreán sin go mbeidh an táirge an-oiriúnach le haghaidh úsáid shonrach seachas úsáid ghinearálta.

2. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo:

   a) sulfar néalaithe, sulfar deasctha nó sulfar collóideach (ceannteideal 2802);

   b) cré-dhathanna ina bhfuil, de réir meáchain, 70 % nó níos mó iarann comhcheangailte a mheastar mar Fe_2O_3 (ceannteideal 2821);

   c) íoca leighis nó earraí eile de Chaibidil 30;

   d) ullmhóidí cumhra, cosmaideacha nó glantacha (Caibidil 33);

   e) Meascán pulctha dolaimíte (ceannteideal 3816);

   f) Seiteanna, clocha colbha agus leaca (ceannteideal 6801); ciúbanna mósáice nó a leithéidí (ceannteideal 6802); slinnte dín, slinnte fásála nó slinnte cúrsa taisdíonaigh (ceannteideal 6803);

   g) clocha lómhara nó clocha leathlómhara (ceannteideal 7102 nó 7103);

   h) criostail shaothraithe cheannteideal 3824 (seachas eilimintí optúla) nach lú an meáchan iontu ná 2,5 g an ceann, do chlóiríd sóidiam nó d'ocsaíd mhaignéisiam; eilimintí optúla do chlóiríd sóidiam nó d'ocsaíd mhaignéisiam (ceannteideal 9001);

   ij) cailceanna billéardaí (ceannteideal 9504); nó

   k) cailceanna scríbhneoireachta nó líníochta agus cailceanna táilliúirí (ceannteideal 9609).

3. Aon táirge is féidir a aicmiú i gceannteideal 2517 agus in aon cheannteideal eile den chaibidil, aicmeofar iad i gceannteideal 2517.

4. Cuirtear ceannteideal 2530 i bhfeidhm inter alia ar: veirmicilít, péirlít agus clóirítí, neamhleata; cré-dhathanna, bídís cailcínithe nó measctha le chéile nó ná bíodh; ocsaídí iarainn lonracha nádúrtha; mírseám (bíodh sé ina phíosaí snasta nó ná bíodh); ómra; mírseám ceirtleánaithe agus ómra ceirtleánaithe, ina phlátaí, ina shlata, ina bhataí nó foirmeacha den chineál céanna, nár oibríodh tar éis a múnlaithe; gaing; strointiainít (bíodh sí cailcínithe nó ná bíodh), seachas an ocsaíd strointiam; Píosaí briste d'earraí criadóireachta, d'earraí bríce nó coincréite.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2501 00	**Salann (lena n-áirítear salann boird agus salann dínádúraithe) agus clóiríd sóidiam íon, bídís i dtuaslagán uiscí nó ná bídís nó a bhfuil gníomhaithe frithstolptha nó gníomhaithe saorshreafa curtha leo; uisce mara:**		
2501 00 10	– Uisce mara agus licéir salainn	Díolúine	—
	– Salann (lena n-áirítear salann boird agus salann dínádúraithe) agus clóiríd sóidiam íon, bídís i dtuaslagán uiscí nó ná bídís nó a bhfuil gníomhaithe frithstolptha nó gníomhaithe saorshreafa curtha leo:		
2501 00 31	–– le cur faoi chlaochlú ceimiceach (Na a dheighilt ó Cl) chun táirgí eile a mhonarú [1]	Díolúine	—
	–– eile:		
2501 00 51	––– é dínádúraithe [2] nó le haghaidh úsáidí tionsclaíocha (lena n-áirítear mínghlanadh) seachas caomhnú nó ullmhú earraí bia lena gcaitheamh ag an duine nó ag ainmhithe [1]	1,7 €/1 000 kg/net	—
	––– eile:		
2501 00 91	–––– Salann atá oiriúnach lena chaitheamh ag an duine	2,6 €/1 000 kg/net	—
2501 00 99	–––– eile	2,6 €/1 000 kg/net	—
2502 00 00	**Pirítí iarainn neamhrósta**	Díolúine	—
2503 00	**Sulphar de gach cineál, seachas sulfar néalaithe, sulfar deasctha agus sulfar collóideach:**		
2503 00 10	– Sulfar amh nó neamhscagtha	Díolúine	—
2503 00 90	– eile	1,7	—
2504	**Graifít nádúrtha:**		
2504 10 00	– **i bhfoirm púdair nó i bhfoirm calóg**	Díolúine	—
2504 90 00	– **eile**	Díolúine	—
2505	**Gaineamh de gach cineál, bíodh sé daite nó ná bíodh, seachas gaineamh de chineál a iompraíonn miotail i gCaibidil 26:**		
2505 10 00	– **gaineamh silice agus gaineamh grianchloiche**	Díolúine	—
2505 90 00	– **eile**	Díolúine	—
2506	**Grianchloch (seachas gainimh nádúrtha); grianchloichít, bíodh sí bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína gearradh ar bhealach eile, ina bloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach):**		
2506 10 00	– **Grianchloch**	Díolúine	—
2506 20 00	– **Grianchloichít**	Díolúine	—
2507 00	**Caoilín agus créanna eile caoilíneacha, bídís cailcínithe nó ná bídís:**		
2507 00 20	– Caoilín	Díolúine	—
2507 00 80	– créanna caoilíneacha eile	Díolúine	—
2508	**Créanna eile (gan créanna leata atá faoi cheannteideal 6806 a áireamh), andalúisít, ciainít agus silliminít, bídís cailcínithe nó ná bídís; muilít; chamotte nó ithreacha dinas; muilít; chamotte nó ithreacha dinas:**		
2508 10 00	– **Beintinít**	Díolúine	—

[1] Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj)).

[2] Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i roinn II, mír F, de na réamhfhorálacha.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2508 30 00	– **Cré thine**	Díolúine	—
2508 40 00	– **Créanna eile**	Díolúine	—
2508 50 00	– **Andalúisít, ciainít agus silliminít**	Díolúine	—
2508 60 00	– **Muilít**	Díolúine	—
2508 70 00	– **Chamotte nó ithreacha dinas**	Díolúine	—
2509 00 00	**Cailc**	Díolúine	—
2510	**Fosfáití cailciam nádúrtha, fosfáití cailciam alúmanaim agus cailc fhosfáiteach:**		
2510 10 00	– **neamh-mheilte**	Díolúine	—
2510 20 00	– **meilte**	Díolúine	—
2511	**Sulfáit bhairiam nádúrtha (bairítí); carbónáit bhairiam nádúrtha (vitirít), bíodh sí cailcínithe nó ná bíodh, seachas ocsaíd bhairiam atá faoi cheannteideal 2816:**		
2511 10 00	– **Sulfáit bhairiam nádúrtha (bairítí)**	Díolúine	—
2511 20 00	– **Carbónáit bhairiam nádúrtha (vitirít)**	Díolúine	—
2512 00 00	**Min shiliciúil iontaise (mar shampla, kieselguhr, tripilít agus diatóimít) agus ithreacha siliciúla comhchosúla, bídís cailcínithe nó ná bídís, ar 1 nó níos lú a sainmheáchan dealraitheach**	Díolúine	—
2513	**Slíogart; éimear; corandam nádúrtha, gairnéad nádúrtha agus scríobaigh nádúrtha eile, bídís teaschóireáilte nó ná bídís:**		
2513 10 00	– **Slíogart**	Díolúine	—
2513 20 00	– **Éimear, corandam nádúrtha, gairnéad nádúrtha agus scríobaigh nádúrtha eile**	Díolúine	—
2514 00 00	**Slinn, bíodh sí bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína gearradh ar bhealach eile, ina bloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach)**	Díolúine	—
2515	**Marmar, trabhairtín, ecaussine agus cloch chailcreach eile i gcomhair leacht cuimhne nó tógála ar 2,5 nó níos mó a sainmheáchan dealraitheach, agus albastar, bídís bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína ngearradh ar bhealach eile, ina mbloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach):**		
	– **Marmar agus trabhairtín:**		
2515 11 00	–– **amh nó bearrtha go garbh**	Díolúine	—
2515 12 00	–– **go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína ngearradh ar bhealach eile, ina mbloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach)**	Díolúine	—
2515 20 00	– **Ecaussine agus cloch chailcreach eile i gcomhair leacht cuimhne nó tógála eile; albastar**	Díolúine	—
2516	**Eibhear, porfaire, basalt, gaineamhchloch agus cloch i gcomhair leacht cuimhne nó cloch thógála eile, bídís bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína ngearradh ar bhealach eile, ina mbloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach):**		
	– **Eibhear:**		
2516 11 00	–– **amh nó bearrtha go garbh**	Díolúine	—
2516 12 00	–– **go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína ngearradh ar bhealach eile, ina mbloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach)**	Díolúine	—
2516 20 00	– **Gaineamhchloch**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2516 90 00	– **cloch eile i gcomhair cuimhne nó tógála**	Díolúine	—
2517	**Púróga, gairbhéal, cloch bhriste nó bhrúite, de chineál is gnách a úsáid i dtathagú coincréite, i ródmhiotalú nó d'iarnród nó ballasta eile, scaineagán agus breochloch, bídís teaschóireáilte nó ná bídís; macadam slaige, drais nó dramhaíola tionsclaíche comhchosúla, bíodh na hábhair a luaitear sa chéad chuid den cheannteideal iontu nó ná bíodh; tarramhacadam; gráinníní, sliseanna agus púdar cloch faoi cheannteideal 2515 nó 2516, bídís teaschóireáilte nó ná bídís:**		
2517 10	– **Púróga, gairbhéal, cloch bhriste nó bhrúite, de chineál is gnách a úsáid i dtathagú coincréite, i ródmhiotalú nó d'iarnród nó ballasta eile, scaineagán agus breochloch, bídís teaschóireáilte nó ná bídís:**		
2517 10 10	–– Púróga, gairbhéal, scaineagán agus breochloch	Díolúine	—
2517 10 20	–– Aolchloch, dolaimít agus cloch chailcreach eile, briste nó brúite	Díolúine	—
2517 10 80	–– eile	Díolúine	—
2517 20 00	– **Macadam slaige, drais nó dramhaíola tionsclaíche comhchosúla, bíodh na hábhair a luaitear i bhfo-cheannteideal 2517 10 ann nó ná bíodh**	Díolúine	—
2517 30 00	– **Tarramhacadam**	Díolúine	—
	– **Gráinníní, sliseanna agus púdar, ó chlocha atá faoi cheannteideal 2515 nó 2516, bídís teaschóireáilte nó ná bídís:**		
2517 41 00	–– **ó mharmar**	Díolúine	—
2517 49 00	–– **eile**	Díolúine	—
2518	**Dolaimít, bíodh sí cailcínithe nó sintéaraithe nó ná bíodh, lena n-áirítear dolaimít atá bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína gearradh ar bhealach eile, ina bloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach):**		
2518 10 00	– **Dolaimít, nach bhfuil cailcínithe ná sintéaraithe**	Díolúine	—
2518 20 00	– **Dolaimít chailcínithe nó shintéaraithe**	Díolúine	—
2519	**Carbónáit mhaignéisiam nádúrtha (maignéisít); maignéis chomhleáite; maignéis atá cailcínithe amach (sintéaraithe), bíodh cainníochtaí beaga ocsaídí eile inti a cuireadh léi roimh an sintéarú nó ná bíodh; ocsaíd mhaignéisiam eile bíodh sé íon nó ná bíodh:**		
2519 10 00	– **Carbónáit mhaignéisiam nádúrtha (maignéisít)**	Díolúine	—
2519 90	– **eile:**		
2519 90 10	–– Ocsaíd mhaignéisiam, seachas carbonáit mhaignéisiam chailcínithe nádúrtha	1,7	—
2519 90 30	–– Maignéis atá cailcínithe amach (sintéaraithe)	Díolúine	—
2519 90 90	–– eile	Díolúine	—
2520	**Gipseam; ainhidrít; plástair (ina bhfuil gipseam cailcínithe nó sulfáit chailciam) bídís daite nó ná bídís, agus bíodh cainníochtaí beaga luasairí nó moilleoirí curtha leo nó ná bíodh:**		
2520 10 00	– **Gipseam; ainhidrít**	Díolúine	—
2520 20 00	– **Plastair**	Díolúine	—
2521 00 00	**Flosc aolchloiche; aolchloch agus cloch chailcreach eile, de chineál a úsáidtear chun aol nó stroighin a mhonarú**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2522	**Aol beo, aol teilgthe agus aol hiodrálach, seachas ocsaíd chailciam agus hiodrocsaíd faoi cheannteideal 2825:**		
2522 10 00	– **Aol beo**	1,7	—
2522 20 00	– **Aol teilgthe**	1,7	—
2522 30 00	– **Aol hiodrálach**	1,7	—
2523	**Stroighin Portland, stroighin alúmanach, stroighin slaige, stroighin fhorshulfáiteach agus stroighneacha hiodrálacha comhchosúla, bídís daite nó i bhfoirm clincir nó ná bíodh:**		
2523 10 00	– **Clincir stroighne**	1,7	—
	– **Stroighin Portland:**		
2523 21 00	–– **Stroighin bhán, bíodh sí daite go saorga nó ná bíodh**	1,7	—
2523 29 00	–– **eile**	1,7	—
2523 30 00	– **Stroighin alúmanach**	1,7	—
2523 90 00	– **stroighneacha hiodrálacha eile**	1,7	—
2524	**Aispeist:**		
2524 10 00	– **Croicidilít**	Díolúine	—
2524 90 00	– **eile**	Díolúine	—
2525	**Míoca, lena n-áirítear scealpaí; dramhaíl mhíoca:**		
2525 10 00	– **Míoca amh agus míoca arna scoilteadh ina leatháin nó ina scealpaí**	Díolúine	—
2525 20 00	– **Púdar míoca**	Díolúine	—
2525 30 00	– **Dramhaíl mhíoca**	Díolúine	—
2526	**Stéitít nádúrtha, bíodh sí bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína gearradh ar bhealach eile, ina bloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach); talc:**		
2526 10 00	– **nach bhfuil brúite ná púdraithe**	Díolúine	—
2526 20 00	– **brúite nó púdraithe**	Díolúine	—
[2527]			
2528 00 00	**Bóráití nádúrtha agus tiúcháin díobh (bídís cailcínithe nó ná bídís), ach gan bóráití a deighleadh ó sháile nádúrtha a áireamh; aigéad bórach nádúrtha nach bhfuil níos mó ná 85 % H_3BO_3 ann arna ríomh de réir an mheáchain thirim**	Díolúine	—
2529	**Iathchloch; leoicít; neifilín agus siainít neifilín; fluairít:**		
2529 10 00	– **Iathchloch**	Díolúine	—
	– **Fluairít:**		
2529 21 00	–– **ina bhfuil 97 % nó níos lú fluairíd chailciam de réir meáchain**	Díolúine	—
2529 22 00	–– **ina bhfuil níos mó ná 97 % fluairíd chailciam de réir meáchain**	Díolúine	—
2529 30 00	– **Leoicít; neifilín agus siainít neifilín**	Díolúine	—
2530	**Substaintí mianracha nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile:**		
2530 10 00	– **Veirmicilít, péirlít agus clóirítí, neamhleata**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2530 20 00	– **Cíosairít, eapsaimít (sulfáití maignéisiam nádúrtha)**	Díolúine	—
2530 90	– **eile:**		
2530 90 30	–– Ceilistín agus strointiainít	Díolúine	—
2530 90 40	–– Spodaiméin, peitilít, leipidilít, amblagáinít, heictirít, iádairít agus mianraí atá cosúil leo sin, atá oiriúnach chun litiam a eastóscadh astu	Díolúine	—
2530 90 50	–– Bastnaesít, xéinitím agus mianraí atá cosúil leo sin, atá oiriúnach chun miotail tearc-chré, scaindiam nó itriam a eastóscadh astu	Díolúine	—
2530 90 70	–– eile	Díolúine	—

CAIBIDIL 26

MIANTA, SLAIG AGUS LUAITH

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo:

   a) slaig nó dramhaíl thionsclaíoch den chineál a ullmhaítear mar mhacadam (ceannteideal 2517);

   b) carbónáit mhaignéisiam nádúrtha (maignéisít) bíodh sé cailcínithe nó ná bíodh (ceannteideal 2519);

   c) cineálacha sloda ó na humair ina stóráiltear olaí peitriliam, olaí den chineál sin go príomha (ceannteideal 2710);

   d) slaig bhunata de Chaibidil 31;

   e) olann slaige, olann charraige nó olaí den chineál céanna (ceannteideal 6806);

   f) fuíoll agus dramhaíl de mhiotal lómhar nó de mhiotal atá cumhdaithe le miotal lómhar; fuíoll agus dramhaíl eile ina bhfuil miotal lómhar nó comhdhúile de mhiotail lómhair, de chineál a úsáidtear go príomha chun an miotal lómhar a ghnóthú (ceannteideal 7112 nó 8549); nó

   g) copar, nicil nó maití cóbailt a tháirgtear trí aon phróiseas bruithnithe (Mír XV).

2. Chun críocha ceannteidil 2601 go 2617, ciallaíonn an téarma 'mianta' mianraí de speiceas mianraí-eolaíochta a úsáidtear i dtionscal na miotalóireachta chun mearcair a eastóscadh, chun miotail cheannteidil 2844 a eastóscadh, nó chun miotail Mhír XIV nó XV a eastóscadh, fiú más cuspóir neamh-mhiotalóireachta atá leo. Na mianraí ar cuireadh próisis i bhfeidhm orthu nach gnáthphróisis iad i dtionscal na miotalóireachta, is mianraí iad áfach nach bhfuil san áireamh i gceannteidil 2601 go 2617.

3. Ní chuirtear ceannteideal 2620 i bhfeidhm ach sna cásanna seo a leanas:

   a) slaig, luaithreach agus iarmhair de chineál a úsáidtear i dtionscal chun miotal a eastóscadh nó mar bhunús chun comhdhúile ceimiceacha miotal a mhonarú, seachas luaith agus iarmhair ó dhramhaíl na cathrach a loscadh (ceannteideal 2621); agus

   b) slaig, luaith agus iarmhair ina bhfuil arsanaic, bíodh miotail ann nó ná bíodh, de chineál a úsáidtear chun arsanaic nó miotail a eastóscadh, nó chun na comhdhúile ceimiceacha a dhéantar astu a mhonarú.

Nótaí fo-cheannteidil

1. Chun críocha fho-cheannteideal 2620 21, ciallaíonn 'slodaí gásailín luaidhe agus slodaí cumaisc luaidhe frithchnagach' slodaí a fuarthas ó umair stórála gásailín luaidhe agus cumaisc luaidhe frithchnagach (mar shampla luaidhe theitreitile) ina bhfuil go bunúsach luaidhe agus cumaisc luaidhe agus ocsaíd iarainn.

2. Slaig, luaith agus iarmhair ina bhfuil arsanaic, mearcair, tailliam nó meascáin díobh, de chineál a úsáidtear chun arsanaic nó na miotail a eastóscadh nó chun a gcomhdhúile ceimiceacha a mhonarú, is slaig, luaith agus iarmhair iad a aicmeofar i bhfo-cheannteideal 2620 60.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2601	**Iarnmhianta agus tiúcháin díobh, lena n-áirítear pirítí iarainn atá rósta:**		
	– **Iarnmhianta agus tiúcháin díobh, seachas pirítí iarainn atá rósta:**		
2601 11 00	–– **neamh-cheirtleánaithe** ……	Díolúine	—
2601 12 00	–– **ceirtleánaithe** ……	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2601 20 00	– **Pirítí iarainn atá rósta**	Díolúine	—
2602 00 00	**Mianta mangainéise agus tiúcháin díobh, lena n-áirítear mianta mangainéise iarnaí agus tiúcháin díobh, ina bhfuil cion mangainéise 20 % nó níos mó, arna ríomh de réir an mheáchain thirim**	Díolúine	—
2603 00 00	**Mianta copair agus tiúcháin díobh**	Díolúine	—
2604 00 00	**Mianta nicile agus tiúcháin díobh**	Díolúine	—
2605 00 00	**Mianta cóbailt agus tiúcháin díobh**	Díolúine	—
2606 00 00	**Mianta alúmanaim agus tiúcháin díobh**	Díolúine	—
2607 00 00	**Mianta luaidhe agus tiúcháin díobh**	Díolúine	—
2608 00 00	**Mianta since agus tiúcháin díobh**	Díolúine	—
2609 00 00	**Mianta stáin agus tiúcháin díobh**	Díolúine	—
2610 00 00	**Mianta cróimiam agus tiúcháin díobh**	Díolúine	—
2611 00 00	**Mianta tungstan agus tiúcháin díobh**	Díolúine	—
2612	**Mianta úráiniam nó tóiriam agus tiúcháin díobh:**		
2612 10	– **Mianta úráiniam agus tiúcháin díobh:**		
2612 10 10	–– Mianta úráiniam agus picbhleind, agus tiúcháin díobh, ina bhfuil cion úráiniam níos mó ná 5 % de réir meáchain (*Euratom*)	Díolúine	—
2612 10 90	–– eile	Díolúine	—
2612 20	– **Mianta tóiriam agus tiúcháin díobh:**		
2612 20 10	–– Monaisít; úránatóiriainít agus mianta tóiriam eile agus tiúcháin díobh, ina bhfuil cion tóiriam níos mó ná 20 % de réir meáchain (*Euratom*)	Díolúine	—
2612 20 90	–– eile	Díolúine	—
2613	**Molaibdéineam agus tiúcháin díobh:**		
2613 10 00	– **iad rósta**	Díolúine	—
2613 90 00	– **eile**	Díolúine	—
2614 00 00	**Mianta tíotáiniam agus tiúcháin díobh**	Díolúine	—
2615	**Mianta niaibiam, tantalaim, vanaidiam nó siorcóiniam agus tiúcháin díobh:**		
2615 10 00	– **Mianta siorcóiniam agus tiúcháin díobh**	Díolúine	—
2615 90 00	– **eile**	Díolúine	—
2616	**Mianta miotail lómhair agus tiúcháin díobh:**		
2616 10 00	– **Mianta airgid agus tiúcháin díobh**	Díolúine	—
2616 90 00	– **eile**	Díolúine	—
2617	**Mianta eile agus tiúcháin díobh:**		
2617 10 00	– **Mianta antamóin agus tiúcháin díobh**	Díolúine	—
2617 90 00	– **eile**	Díolúine	—
2618 00 00	**Slaig ghránaithe (gaineamh slaige) ó mhonarú iarainn nó cruaiche**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
2619 00	**Slaig, drais (seachas slaig ghránaithe), scamhacháin agus dramhaíl eile ó mhonarú iarainn nó cruaiche:**		
2619 00 20	– Dramhaíl atá oiriúnach lena húsáid chun iarann nó mangainéis a ghnóthú	Díolúine	—
2619 00 95	– Dramhaíl atá oiriúnach lena húsáid chun vanaidiam a ghnóthú	Díolúine	—
2619 00 97	– eile	Díolúine	—
2620	**Slaig, luaith agus iarmhair (seachas ó mhonarú iarainn nó cruaiche) ina bhfuil miotail, arsanaic nó a gcomhdhúile:**		
	– ina bhfuil sinc go príomha:		
2620 11 00	–– **Spealtar since crua**	Díolúine	—
2620 19 00	–– **eile**	Díolúine	—
	– ina bhfuil luaidhe go príomha:		
2620 21 00	–– **Slodaí gásailín luaidhe agus slodaí cumaisc luaidhe frithchnagach**	Díolúine	—
2620 29 00	–– **eile**	Díolúine	—
2620 30 00	– **ina bhfuil copar go príomha**	Díolúine	—
2620 40 00	– **ina bhfuil alúmanam go príomha**	Díolúine	—
2620 60 00	– **ina bhfuil arsanaic, mearcair, tailliam nó a meascáin, de chineál a úsáidtear chun arsanaic nó na miotail sin a eastóscadh nó chun a gcomhdhúile ceimiceacha a mhonarú**	Díolúine	—
	– eile:		
2620 91 00	–– **ina bhfuil antamón, beirilliam, caidmiam, cróimiam nó a meascáin**	Díolúine	—
2620 99	–– **eile:**		
2620 99 10	––– ina bhfuil nicil go príomha	Díolúine	—
2620 99 20	––– ina bhfuil niaibiam nó tantalam go príomha	Díolúine	—
2620 99 40	––– ina bhfuil stán go príomha	Díolúine	—
2620 99 60	––– ina bhfuil tíotáiniam go príomha	Díolúine	—
2620 99 95	––– eile	Díolúine	—
2621	**Slaig agus luaith eile, lena n-áirítear luaith feamainne (ceilp); luaith agus iarmhair ó dhramhaíl chathrach a loscadh:**		
2621 10 00	– **Luaith agus iarmhair ó dhramhaíl chathrach a loscadh**	Díolúine	—
2621 90 00	– **eile**	Díolúine	—

CAIBIDIL 27

BREOSLAÍ MIANRACHA, OLAÍ MIANRACHA AGUS TÁIRGÍ DE THORADH A NDRIOGTHA; SUBSTAINTÍ BIOTÚMANACHA; CÉARACHA MIANRACHA

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo:

   a) comhdhúile orgánacha ar leith a shainítear go ceimiceach, seachas meatán íon agus própán atá le haicmiú i gceannteideal 2711;

   b) íoca leighis atá faoi cheannteideal 3003 nó 3004; nó

   c) hidreacarbóin neamhsháithithe measctha de cheannteideal 3301, 3302 nó 3805.

2. Leis na tagairtí i gceannteideal 2710 do 'olaí peitriliam nó olaí a fhaightear as mianraí biotúmanacha' áirítear ní hamháin olaí peitriliam agus olaí a fhaightear as mianraí biotúmanacha ach freisin olaí den chineál céanna, chomh maith le hola ina bhfuil, den chuid is mó, hidreacarbóin neamhsháithithe mheasctha, a fhaightear trí aon phróiseas, ar an gcoinníoll go sáraíonn meáchan na gcomhábhar aramatach meáchan na gcomhábhar neamharamatach.

   Ní airítear leis na tagairtí áfach pololaifíní sintéiseacha leachtacha is lú ná 60 % de réir toirte a dhriogtar ag 300 °C tar éis tiontú go 1 013 mbar nuair a bhaintear úsáid as modh driogtha brú laghdaithe (Caibidil 39).

3. Chun críocha cheannteideal 2710, ciallaíonn 'dramh-olaí' dramhaíl ina bhfuil den chuid is mó olaí peitriliam nó olaí a fhaightear as mianraí biotúmanacha (mar a thuairiscítear i nóta 2 a ghabhann leis an gcaibidil seo), bídís measctha le huisce nó ná bíodh. Áirítear leis sin:

   a) olaí nach bhfuil oiriúnach a thuilleadh le húsáid mar tháirgí príomhúla (mar shampla, olaí bealaithe úsáidte, olaí hiodrálacha úsáidte, agus olaí claochladáin úsáidte);

   b) olaí draoibe ó umair stórála olaí peitriliam ina bhfuil, den chuid is mó, olaí den chineál sin agus tiúchan ard breiseán (mar shampla, ceimiceáin) a úsáidtear chun táirgí príomhúla a mhonarú; agus

   c) olaí ina heibleachtaí in uisce nó ina meascáin le huisce, amhail na heibleachtaí a leanann doirteadh ola, nó glantacháin umair stórála, nó úsáid olaí gearrtha le haghaidh oibríochtaí meaisínithe.

Nótaí fo-cheannteidil

1. Chun críocha fho-cheannteideal 2701 11, ciallaíonn 'antraicít' gual a bhfuil teorainn ábhar so-ghalaithe nach mó ná 14 % leis (ar an táirge tirim agus gan ábhar mianrach ann).

2. Chun críocha fho-cheannteideal 2701 12, ciallaíonn 'gual biotúmanach' gual a bhfuil teorainn ábhar so-ghalaithe is mó ná 14 % (ar an táirge tirim agus gan ábhar mianrach ann) agus a bhfuil teorainn luacha calraí (ar an táirge tais agus gan ábhar mianrach ann) cothrom le 5 833 kcal/kg nó níos mó.

3. Chun críocha fho-cheannteidil 2707 10, 2707 20, 2707 30 agus 2707 40, tá feidhm ag na téarmaí 'beansól (beinséin)', 'tolúól (tolúéin)', 'xileol (xiléiní)' agus 'naftailéin' i dtaca le táirgí ina bhfuil níos mó ná 50 % de beansól, tolúól, xileol nó naftailéin, de réir meáchain, faoi seach.

4. Chun críocha fho-cheannteideal 2710 12, is éard atá in 'olaí éadroma agus ullmhóidí' olaí a ndriogann 90 % díobh nó níos mó, de réir toirte (lena n-áirítear caillteanas), ag 210 °C de réir mhodh ISO 3405 (comhionann le modh ASTM D 86).

5. Chun críocha na bhfo-cheannteidil de cheannteideal 2710, ciallaíonn an téarma 'bithdhíosal' eistir mhona-ailcile aigéid shailligh de chineál a úsáidtear mar bhreosla, rud a dhíorthaítear ó shaillte agus olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha bíodh úsáid bainte astu nó ná bíodh.

Nótaí ceannteidil ([1])

1. *Chun críocha fho-cheannteideal 2707 99 80, tá feidhm ag an téarma 'feanóil' i dtaca le táirgí ina bhfuil níos mó ná 50 % feanóil, de réir meáchain.*

2. *Chun críocha cheannteideal 2710:*

   a) ciallaíonn 'biotáillí speisialta' (fo-cheannteidil 2710 12 21 agus 2710 12 25) olaí éadroma faoi mar a shainítear i nóta fo-cheannteideal 4 a ghabhann leis an gcaibidil seo, olaí nach bhfuil aon bhreiseáin fhrithchnagacha iontu, agus le difríocht nach airde ná 60 °C idir na teochtaí ag a ndriogann 5 % agus 90 % díobh (lena n-áirítear caillteanas);

   b) ciallaíonn 'biotáille bhán' (fo-cheannteideal 2710 12 21) biotáillí speisialta mar a shainítear i mír (a) thuas a bhfuil teocht adhainte is airde ná 21 °C acu de réir mhodh EN ISO 13736;

   c) ciallaíonn 'meánolaí' (fo-cheannteidil 2710 19 11 go 2710 19 29) olaí agus ullmhóidí a ndriogann níos lú ná 90 % díobh de réir toirte (lena n-áirítear caillteanais) ag 210 °C agus a ndriogann 65 % nó níos mó díobh de réir toirte (lena n-áirítear caillteanais) ag 250 °C de réir mhodh ISO 3405 (comhionann le modh ASTM D 86);

   d) ciallaíonn 'olaí troma' (fo-cheannteidil 2710 19 31 go 2710 19 99 agus 2710 20 11 go 2710 20 90) olaí agus ullmhóidí a ndriogann níos lú ná 65 % díobh de réir toirte (lena n-áirítear caillteanais) ag 250 °C de réir mhodh ISO 3405 (comhionann le modh ASTM D 86) nó olaí agus ullmhóidí nach féidir céatadán an driogadáin ag 250 °C a chinneadh de réir an mhodha sin;

   e) ciallaíonn 'olaí gáis' (fo-cheannteidil 2710 19 31 go 2710 19 48 agus 2710 20 11 go 2710 20 19) olaí troma mar a shainítear i mír (d) thuas ina ndriogann 85 % nó níos mó díobh de réir toirte (lena n-áirítear caillteanais) ag 350 °C de réir mhodh ISO 3405 (comhionann le modh ASTM D 86);

   f) ciallaíonn 'olaí breosla' (fo-cheannteidil 2710 19 51 go 2710 19 67 agus 2710 20 32 go 2710 20 38) olaí troma mar a shainítear i mír (d) thuas (seachas olaí gáis mar a shainítear i mír (e)) a bhfuil slaodacht V mar seo a leanas acu le haghaidh dath caolaithe comhfhreagrach:

      — *slaodacht nach dtéann thar an rud a thaispeántar i líne I den tábla seo a leanas i gcás ina bhfuil luaithe sulfáitithe níos lú ná 1 % de réir mhodh ISO 3987 agus i gcás ina bhfuil an uimhir ghallúnaithe níos lú ná 4 de réir mhodh ISO 6293-1 nó 6293-2 (seachas i gcás ina bhfuil bith-chomhábhar amháin nó níos mó sa táirge agus sa chás sin, níl feidhm ag an gceanglas sa fhleasc seo an uimhir ghallúnaithe a bheith níos lú ná 4),*

      — *slaodacht a théann thar an rud a thaispeántar i líne II i gcás nach bhfuil an doirtphointe níos lú ná 10 °C de réir mhodh ISO 3016,*

      — *slaodacht a théann thar an rud a thaispeántar i líne I ach nach dtéann thar an rud a thaispeántar i líne II i gcás a ndriogann 25 % nó níos mó de réir toirte ag 300 °C de réir mhodh ISO 3405 (comhionann le modh ASTM D 86) nó, má dhriogann níos lú ná 25 % de réir toirte ag 300 °C, i gcás ina bhfuil an doirtphointe níos airde ná 10 °C faoi bhun an reophointe de réir mhodh ISO 3016. Níl feidhm ag na forálacha sin ach i gcás olaí a bhfuil dath caolaithe C níos lú ná 2 orthu.*

Tábla comhréireachta dath caolaithe C/Slaodacht V

Dath C		0	0,5	1	1,5	2	2,5	3	3,5	4	4,5	5	5,5	6	6,5	7	7,5 agus níos mó
Slaodacht V	I	4	4	4	5,4	9	15,1	25,3	42,4	71,1	119	200	335	562	943	1 580	2 650
	II	7	7	7	7	9	15,1	25,3	42,4	71,1	119	200	335	562	943	1 580	2 650

Ciallaíonn an téarma 'slaodacht V' an tslaodacht chinéimiteach ag 50 °C a shloinntear in 10^{-6} m^2 s^{-1} de réir mhodh EN ISO 3104.

([1]) Mura luaitear a mhalairt, ciallaíonn an téarma 'modh' anleagan is déanaí de na modhanna cinnidh arna leagan síos ag an Comité européen de normalisation (CEN), ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO), nó ag an gCumann Meiriceánach um Thástálacha agus um Ábhair (ASTM).

Ciallaíonn an téarma 'dath caolaithe C' dath táirge a chinntear faoi mhodh ISO 2049 (comhionann le modh ASTM D 1 500), tar éis do pháirt amháin den táirge suas le 100 páirt de réir toirte a dhéanamh le xiléin, tolúéin nó tuaslagóir ábhartha eile. Ní mór an dath a chinneadh díreach tar éis an chaolúcháin.

Ciallaíonn an téarma 'bith-chomhábhair' saill ainmhíoch nó saill phlandúil, olaí ainmhíocha nó olaí plandúla nó eistir mhona-ailcile aigéid shailligh (FAMAE).

Ní chumhdaíonn fo-cheannteidil 2710 19 51 go 2710 19 67 agus 2710 20 32 go 2710 20 38 ach olaí breosla de dhath nádúrtha.

Ní chumhdaíonn na fo-cheannteidil seo olaí troma atá sainithe i mír (d) thuas, olaí troma nárbh fhéidir cinneadh a dhéanamh ina leith:

— *an céatadán driogtha (maidir le nialas measfar gur céatadán é) ag 250 °C de réir mhodh ISO 3405 (comhionann le modh ASTM D 86),*

— *an tslaodacht chinéimiteach ag 50 °C de réir mhodh EN ISO 3104,*

— *nó an dath caolaithe C de réir mhodh ISO 2049 (comhionann le modh ASTM D 1500).*

Tagann táirgí den sórt seo faoi fho-cheannteidil 2710 19 71 go 2710 19 99 nó 2710 20 90;

g) ciallaíonn 'le bithdhíosal ann' go bhfuil sna táirgí faoi fho-cheannteideal 2710 20 íosmhéid bithdhíosail iontu, i.e. eistir mhona-ailcile aigéid shailligh (FAMAE) de chineál a úsáidtear mar bhreosla, de 0,5 % de réir toirte (cinneadh ag modh EN 14078).

3. Chun críocha cheannteideal 2712, glactar go gciallaíonn an abairt 'glóthach pheitriliam amh' (fo-cheannteideal 2712 10 10) glóthach pheitriliam de dhath nádúrtha níos airde ná 4,5 de réir mhodh ISO 2049 (comhionann le modh ASTM D 1500).

4. Chun críocha fho-cheannteidil 2712 90 31 go 2712 90 39, glactar gur leis na táirgí seo a leanas a bhaineann an téarma 'amh':

a) táirgí a bhfuil 3,5 % ola iontu nó níos mó, de réir meáchain, má tá an tslaodacht ag 100 °C níos ísle ná 9×10^{-6} m^2 s^{-1} de réir mhodh EN ISO 3104; nó

b) táirgí bhfuil dath nádúrtha is airde ná 3 de réir mhodh ISO 2049 (comhionann le modh ASTM D 1500), má tá an tslaodacht ag 100 °C 9×10^{-6} m^2 s^{-1} nó níos airde de réir mhodh EN ISO 3104.

5. Chun críocha cheannteidil 2710, 2711 agus 2712, glactar leis gur leis na hoibríochtaí seo a leanas a bhaineann an téarma 'próiseas sonrach':

a) driogadh folúis;

b) athdhriogadh trí bhíthin próiseas codánúcháin atá an-chuimsitheach;

c) craiceáil;

d) athfhoirmiú;

e) eastóscadh trí bhíthin tuaslagóirí roghnaitheacha;

f) an próiseas lena gcuimsítear na hoibríochtaí uile a leanas: próiseáil le haigéad sulfarach, oiléam nó ainhidríd shulfarach atá tiubhaithe; neodrú le hoibreáin alcaileacha; tuaradh agus íonú le cré atá gníomhach go nádúrtha, cré ghníomhachtaithe, fioghual gníomhachtaithe nó báicsít;

g) polaiméiriú;

h) ailciliú;

ij) isiméiriú;

k) (i dtaca le táirgí atá faoi fho-cheannteidil 2710 19 31 go 2710 19 99 amháin) díshulfarú le hidrigin a bhfuil mar thoradh laghdú 85 % ar a laghad de chion sulfair na dtáirgí a próiseáladh (modhanna EN ISO 20846, EN ISO 20884 nó EN ISO 14596 nó EN ISO 24260, EN ISO 20847 agus EN ISO 8754);

3815 19 10	––– Catalaígh i bhfoirm gráinní nach mó ná 10 micriméadar iad na cáithníní atá i 90 % nó níos mó díobh de réir meáchain, ina bhfuil meascán d'ocsaídí agus taca sileacáite maignéisiam faoi, ina bhfuil an méid seo a leanas de réir meáchain: — méid copair atá comhionann le 20 % nó is mó ná sin ach nach mó ná 35 % agus — méid biosmait atá comhionann le 2 % nó is mó ná sin ach nach mó ná 3 %, agus ina bhfuil an dlús coibhneasta dealraitheach comhionann le 0,2 nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 1,0	Díolúine	—
3815 19 90	––– eile	6,5	—
3815 90	– **eile:**		
3815 90 10	–– Catalaígh ina bhfuil aicéatáit eitiltrífheiniolfosfóiniam i bhfoirm tuaslagán i meatánól	Díolúine	—
3815 90 90	–– eile	6,5	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3816 00	**Stroighin, moirtéal agus coincréit atá teasfhulangach, agus cumaisc chomhchosúla, seachas na táirgí atá faoi cheannteideal 3801:**		
3816 00 10	– Meascán pulctha dolaimíte	Díolúine	—
3816 00 90	– eile	2,7	—
3817 00	**Ailcilbeinséiní measctha agus ailciolnaftailéiní measctha, seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 2707 nó 2902:**		
3817 00 50	– Ailcilbeinséiní líneacha	6,3	—
3817 00 80	– eile	6,3	—
3818 00	**Dúile ceimiceacha dópáilte lena n-úsáid i leictreonaic, i bhfoirm dioscaí, nó sliseog nó i bhfoirmeacha comhchosúla; comhdhúile ceimiceacha dópáilte lena n-úsáid i leictreonaic:**		
	– Sileacan dópáilte:		
★ **3818 00 11**	–– Sliseoga nach mó ná 200 micriméadar ar tiús, iad dronuilleogach, bíodh cúinní gearrtha nó cruinne orthu nó ná bíodh (is iad sin sliseoga fótavoltacha)	Díolúine	—
★ **3818 00 19**	–– eile	Díolúine	—
3818 00 90	– eile	Díolúine	—
3819 00 00	**Sreabháin coscán hiodrálach agus leachtanna eile ullmhaithe le haghaidh traiseoladh hiodrálach nach bhfuil olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí bitiúmanacha iontu nó ina bhfuil, de réir meáchain, níos lú ná 70 % de na holaí sin**	6,5	—
3820 00 00	**Ullmhóidí frithreo agus sreabháin dí-oighrithe ullmhaithe**	6,5	—
3821 00 00	**Meáin saothrúcháin ullmhaithe chun miocrorgánaigh (lena n-áirítear víris agus a leithéidí) nó cealla plandaí, daonna nó ainmhithe a fhorbairt nó a chothabháil**	5	—
3822	**Imoibreáin dhiagnóiseacha nó imoibreáin saotharlainne ar bhonn, imoibreáin dhiagnóiseacha nó saotharlainne, bídís ar bhonn nó ná bídís, seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 3006; ábhair thagartha dheimhnithe:**		
	– **Imoibreáin dhiagnóiseacha nó imoibreáin saotharlainne ar bhonn, imoibreáin dhiagnóiseacha nó saotharlainne, bídís ar bhonn nó ná bídís, bídís cóirithe i bhfoirm fearas nó ná bídís:**		
3822 11 00	–– **le haghaidh maláire**	Díolúine	—
3822 12 00	–– **le haghaidh Zika nó galair eile a tharchuirtear le muiscítí den ghéineas *Aedes***	Díolúine	—
3822 13 00	–– **le haghaidh fuilghrúpála**	Díolúine	—
3822 19 00	–– **eile** [1]	Díolúine	—
3822 90 00	– **eile**	Díolúine	—

[1] Cóid staidrimh TARIC: féach Iarscríbhinn 10.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3823	**Aigéid shailleacha thionsclaíocha aoncharbocsaileacha; olaí aigéid ó athscagadh; alcóil shailleacha thionsclaíocha:**		
	– Aigéid shailleacha thionsclaíocha aoncharbocsaileacha; olaí aigéid ó athscagadh:		
3823 11 00	–– **Aigéad stéarach**	5,1	—
3823 12 00	–– **Aigéad oiléach**	4,5	—
3823 13 00	–– **Aigéid shailleacha ó róisín leachtach**	2,9	—
3823 19	–– **eile:**		
3823 19 10	––– Aigéid shailleacha dhriogtha	2,9	—
3823 19 30	––– Driogáit aigéid shailligh	2,9	—
3823 19 90	––– eile	2,9	—
3823 70 00	– **Alcóil shailleacha thionsclaíocha**	3,8	—
3824	**Táthuithe ullmhaithe do mhúnlaí nó do chroíthe teilgcheártan; táirgí agus ullmhóidí ceimiceacha ó na tionscail cheimiceacha nó ó na tionscail ghaolmhara (lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil meascáin de tháirgí nádúrtha), nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile:**		
3824 10 00	– **Táthuithe ullmhaithe do mhúnlaí nó do chroíthe teilgcheárta**	6,5	—
3824 30 00	– **Cairbídí miotail neamhcheirtleánaithe atá measctha le chéile nó le táthuithe miotalacha**	5,3	—
3824 40 00	– **Breiseáin ullmhaithe le haghaidh stroighne, moirtéil nó coincréite**	6,5	—
3824 50	– **Moirtéal agus coincréit neamh-theasfhulangach:**		
3824 50 10	–– Coincréit atá réidh le doirteadh	6,5	—
3824 50 90	–– eile	6,5	—
3824 60	– **Soirbíotól seachas soirbíotól atá faoi fho-cheannteideal 2905 44:**		
	–– É i dtuaslagán uiscí:		
3824 60 11	––– ina bhfuil, de réir meáchain, 2 % nó níos lú D-mainníotól, arna ríomh de réir an chion D-glúicíotóil	7,7 + 16,1 €/ 100 kg/net	—
3824 60 19	––– eile	9,6 + 37,8 €/ 100 kg/net (1)	—
	–– eile:		
3824 60 91	––– ina bhfuil, de réir meáchain, 2 % nó níos lú D-mainníotól, arna ríomh de réir an chion D-glúicíotóil	7,7 + 23 €/ 100 kg/net	—
3824 60 99	––– eile	9,6 + 53,7 €/ 100 kg/net (1)	—
	– **Earraí a shonraítear i nóta fo-cheannteidil 3 a ghabhann leis an gCaibidil seo:**		
3824 81 00	–– **ina bhfuil ocsaíorán (ocsaíd eitiléine)**	6,5	—
3824 82 00	–– **ina bhfuil défheinilí polaclóirínithe (PCBanna), trífheinilí polaclóirínithe (PCTanna) nó défheinilí polabróimínithe (PBBanna)**	6,5	—
3824 83 00	–– **ina bhfuil fosfáit tris(2,3-débhrómapróipile)**	6,5	—

(1) Dleacht *ad valorem* arna laghdú go 9 % (fionraí uathrialach) go ceann tréimhse éiginnte.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3824 84 00	–– **ina bhfuil aildrin (ISO), camfaclór (ISO) (tocsaiféin), clórdán (ISO), clóirdeacón (ISO), DDT (ISO) (clóifeineatán (ANI), 1,1,1-tríchlórai-2,2-bios(*p*-clóraifeinil)eatán), díldrin (ISO, ANI), ionsulfán (ISO), eindrin (ISO), heipteaclór (ISO) nó miréis (ISO)**	6,5	—
3824 85 00	–– **ina bhfuil 1,2,3,4,5,6-heicseaclóraicioglaiheacsán (HCH (ISO)), lena n-áirítear liondán (ISO, ANI)**	6,5	—
3824 86 00	–– **ina bhfuil peinteaclóraibeinséin (ISO) nó heicseaclóraibeinséin (ISO)**	6,5	—
3824 87 00	–– **ina bhfuil aigéad sulfónach sárfhluarochtáin, a chuid salann, sulfónaimídí sárfhluarochtáin, nó fluairíd sulfóinile sárfhluarochtáin**	6,5	—
3824 88 00	–– **ina bhfuil éitir theitrea-, pheintea-, heicsea-, heiptea nó ochta-brómaidéfheinile**	6,5	—
3824 89 00	–– **ina bhfuil pairifíní clóirínithe gearrshlabhracha**	6,5	—
	– **eile:**		
3824 91 00	–– **Meascáin agus ullmhóidí arb é atá iontu go príomha meitiolfosfónáit mheitile (5-eitil-2-meitil-2-ocsaídi-1,3,2-dé-ocsafosphaineán-5-yl)meitile agus meitiolfosfonáit bhis[(5-eitil-2-meitil-2-ocsaídi-1,3,2-dé-ocsafosphinan-5-yl) meitile]**	6,5	—
3824 92 00	–– **Eistir pholaigliocóil aigéid mheitiolfosfónaigh**	6,5	—
3824 99	–– **eile:**		
3824 99 10	––– Sulfónáití peitriliam, seachas sulfónáití peitriliam ó mhiotail alcaile, ó amóiniam nó ó eatánólaimín; aigéid sulfónacha tiafanáite ó olaí a fhaightear as mianraí biotúmanacha, agus a chuid salann	5,7	—
3824 99 15	––– Ianmhalartóirí	6,5	—
3824 99 20	––– Faighteoirí d'fholúsfheadáin	6	—
3824 99 25	––– Pirilignítí (mar shampla, de chailciam); amhthartráit chailciam; amhchiotráit chailciam	5,1	—
3824 99 30	––– Aigéid naiftéineacha, a gcuid salann atá dothuaslagtha in uisce agus a n-eistir	3,2	—
	––– eile:		
3824 99 45	–––– Comhdhúile frithchoirtithe agus comhdhúile comhchosúla	6,5	—
3824 99 50	–––– Ullmhóidí le haghaidh na leictreaphlátála	6,5	—
3824 99 55	–––– Meascáin de mhonai-, dé- agus trí-, eistir aigéad sailleach de ghliocról, (eiblitheoirí le haghaidh saillte)	6,5	—
	–––– Táirgí agus ullmhóidí le haghaidh úsáidí cógaisíochta nó máinliachta:		
3824 99 61	––––– Táirgí idirmheánacha ón bpróiseas monaraíochta frithbheathach a fhaightear ó choipeadh *Streptomyces tenebrarius*, bídís triomaithe nó ná bídís, chun íoca leighis a mhonarú don duine atá faoi cheannteideal 3004 [1]	Díolúine	—

[1] Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj)).

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3824 99 62	––––– Táirgí idirmheánacha as salainn mhonainsine a mhonarú	Díolúine	—
3824 99 64	––––– eile	6,5	—
3824 99 65	–––– Táirgí cúnta le haghaidh teilgcheártaí (seachas iad siúd atá faoi fho-cheannteideal 3824 10 00)	6,5	—
3824 99 70	–––– Ullmhóidí dódhíonta agus uiscedhíonta agus ullmhóidí cosanta comhchosúla a úsáidtear i dtionscal na tógála	6,5	—
	–––– eile:		
3824 99 75	––––– Sliseoga de niabáit litiam, iad neamhdhópáilte	Díolúine	—
3824 99 80	––––– Meascán aimíní a fhaightear ó aigéid shailleacha dhémhéirithe ina bhfuil an meánmheáchan móilíneach comhionann le 520 nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 550	Díolúine	—
3824 99 85	––––– 3-(1-Eitil-1-meitiolpróipil)iseacsasóil-5-ilimín, i bhfoirm tuaslagán i dtolúéin	Díolúine	—
3824 99 86	––––– Meascáin arb é atá iontu go príomha meitiolfosfónáit démheitile, ocsaíorán agus peintea-ocsaíd défhosfair	6,5	—
	––––– Táirgí nó ullmhóidí ceimiceacha atá déanta go príomha as comhdhúile orgánacha agus nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile:		
3824 99 92	––––– I bhfoirm leachta ag 20 °C ([1])	6,5	—
3824 99 93	––––– eile	6,5	—
3824 99 96	––––– eile	6,5	—
3825	**Táirgí iarmharacha ó na tionscail cheimiceacha nó ó na tionscail ghaolmhara, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; dramhaíl chathrach; sloda séarachais; dramhaíl eile a shonraítear i nóta 6 a ghabhann leis an gcaibidil seo:**		
3825 10 00	– **Dramhaíl chathrach**	6,5	—
3825 20 00	– **Sloda séarachais**	6,5	—
3825 30 00	– **Dramhaíl chliniciúil**	6,5	—
	– **Tuaslagóirí orgánacha dramhaíola:**		
3825 41 00	–– **Ar de chineál halaiginithe iad**	6,5	—
3825 49 00	–– **eile**	6,5	—
3825 50 00	– **Dramhaíl ó licéir picilte miotal, sreabháin hiodrálacha, leachtanna coscán agus sreabháin frithreo**	6,5	—
	– **Dramhaíl eile ó na tionscail cheimiceacha nó ó na tionscail ghaolmhara:**		
3825 61 00	–– **ina bhfuil comhábhair orgánacha go príomha**	6,5	—
3825 69 00	–– **eile**	6,5	—
3825 90	– **eile:**		
3825 90 10	–– Ocsaíd iarainn alcaileach chun gás a íonú	5	—
3825 90 90	–– eile	6,5	—

([1]) Cóid staidrimh TARIC: féach Iarscríbhinn 10.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3826 00	**Bithdhíosal agus meascáin atá déanta as, nach bhfuil olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí bitiúmanacha iontu nó ina bhfuil, de réir meáchain, níos lú ná 70 % de na holaí sin:**		
3826 00 10	– Eistir mhona-ailcile aigéad sailleach ina bhfuil, de réir meáchain 96,5 % nó níos mó d'eistir (FAMAE)	6,5	—
3826 00 90	– eile	6,5	—
3827	**Meascáin ina bhfuil díorthaigh halaiginithe de mheatán, d'eatán nó de phrópán, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile:**		
	– ina bhfuil clórafluaracarbóin (CFCanna), bíodh hidreaclórafluaracarbóin (HCFCana), sárfhluaracarbóin (PFCanna) nó hidreafluaracarbóin (HFCanna) iontu nó ná bídís; ina bhfuil hidreabrómafluaracarbóin (HBFCanna); ina bhfuil teitreaclóiríd charbóin; ina bhfuill 1,1,1-tríchlóireatán (clóraform meitile)::		
3827 11 00	**–– ina bhfuil clórafluaracarbóin (CFCanna), bíodh hidreaclórafluaracarbóin (HCFCana), sárfhluaracarbóin (PFCanna) nó hidreafluaracarbóin (HFCanna) iontu nó ná bídís**	6,5	—
3827 12 00	**–– ina bhfuil hidreabrómafluaracarbóin (HBFCanna)**	6,5	—
3827 13 00	**–– ina bhfuil teitreaclóiríd charbóin**	6,5	—
3827 14 00	**–– ina bhfuil 1,1,1-tríchlóireatán (clóraform meitile)**	6,5	—
3827 20 00	**– ina bhfuil brómaclóraidhéfluaraimeatán (Halón-1211), brómaithrífhluaraimeatán (Halón-1301) nó débhrómaiteitreafluaireatáin (Halón-2402)**	6,5	—
	– ina bhfuil hidreaclórafluaracarbóin (HCFCana), bíodh sárfhluaracarbóin (PFCanna) nó hidreafluaracarbóin (HFCanna) iontu nó ná bídís, ach nach bhfuil clórafluaracarbóin (CFCanna) iontu:		
3827 31 00	**–– ina bhfuil substaintí faoi na ceannteidil 2903 41 go 2903 48**	6,5	—
3827 32 00	**–– ina bhfuil substaintí faoi na ceannteidil 2903 71 go 2903 75**	6,5	—
3827 39 00	**–– eile**	6,5	—
3827 40 00	**– ina bhfuil bróimíd mheitile (brómaimeatán) nó brómaclóraimeatán**	6,5	—
	– ina bhfuil trífhluaraimeatán (HFC-23) nó sárfhluaracarbóin (PFCanna) ach nach bhfuil clórafluaracarbóin (CFCanna) ná hidreaclórafluaracarbóin (HCFCanna) iontu:		
3827 51 00	**–– ina bhfuil trífhluaraimeatán (HFC-23)** [1]	6,5	—
3827 59 00	**–– eile**	6,5	—
	– ina bhfuil hidreafluaracarbóin (HFCanna) eile ach nach bhfuil clórafluaracarbóin (CFCanna) ná hidreaclórafluaracarbóin (HCFCanna) iontu:		
3827 61 00	**–– ina bhfuil cion 15 % nó níos mó de 1,1,1-trífhluaireatán (HFC-143a) de réir maise** [1]	6,5	—

[1] Cóid staidrimh TARIC: féach Iarscríbhinn 10.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3827 62 00	– – **Eile, nach bhfuil áirithe san fho-cheannteideal thuas, ina bhfuil cion 55 % nó níos mó de pheinteafluaireatán (HFC- 125) de réir maise ach nach bhfuil díorthaigh fhluairínithe neamhsháithithe de hidreacarbóin neamhthimthriallacha (HFOnna) ann** ([1])	6,5	—
3827 63 00	– – **Eile, nach bhfuil áirithe san fho-cheannteideal thuas, ina bhfuil cion 40 % nó níos mó de pheinteafluaireatán HFC-125 de réir maise** ([1])	6,5	—
3827 64 00	– – **Eile, nach bhfuil áirithe san fho-cheannteideal thuas, ina bhfuil cion 30 % nó níos mó de 1,1,1,2-teitreafluaireatán (HFC-134a) de réir maise ach nach bhfuil díorthaigh fhluairínithe neamhsháithithe de hidreacarbóin neamhthimthriallacha (HFOanna) ann** ([1])	6,5	—
3827 65 00	– – **Eile, nach bhfuil áirithe san fho-cheannteideal thuas, ina bhfuil cion 20 % nó níos mó de dhéfhluaraomeatán (HFC-32) de réir maise agus cion 20 % nó níos mó de pheinteafluaireatán (HFC-125) de réir maise** ([1])	6,5	—
3827 68 00	– – **Eile, nach bhfuil áirithe faoi na fo-cheannteidil thuas, ina bhfuil substaintí faoi na ceannteidil 2903 41 go 2903 48** ([1])	6,5	—
3827 69 00	– – **eile**	6,5	— ([2])
3827 90 00	– **eile**	6,5	—

([1]) Cóid staidrimh TARIC: féach Iarscríbhinn 10.

([2]) Tráth an allmhairithe isteach san Aontas Eorpach, is é t CO_2 an t-aonad forlíontach a chuirtear i bhfeidhm.

ROINN VII

PLAISTIGH AGUS EARRAÍ DÍOBH; RUBAR AGUS EARRAÍ DÍOBH

Nótaí

1. Maidir le hearraí atá cóirithe i dtacair arb é atá iontu dhá chomhábhar ar leithligh nó níos mó, earraí a dtagann roinnt nó gach ceann díobh faoin roinn sin agus a bheartaítear a mheascadh le chéile chun táirge faoi Roinn VI nó VII a fháil, aicmeofar iad sa cheannteideal is iomchuí don táirge sin, ar choinníoll gurb amhlaidh maidir leis na comhábhair:

   a) ag féachaint don bhealach a bhfuil siad cóirithe, go bhfuil siad inaitheanta go soiléir mar tháirgí a bhfuiltear ag beartú iad a úsáid in éineacht le chéile gan iad a athphacáil ar dtús;

   b) go gcuirtear i láthair le chéile iad; agus

   c) go bhfuil siad inaitheanta, cibé acu de bharr a gcineáil nó de bharr an chion choibhneasta ina bhfuil siad i láthair, mar chomhábhair atá comhlántach le chéile.

2. Ach amháin maidir leis na hearraí faoi cheannteideal 3918 nó 3919, beidh plaistigh, rubar, agus earraí díobh, iad priontáilte le móitífeanna, carachtair nó léirithe pictiúrtha, nach bhfuil díreach tánaisteach do phríomhúsáid na n-earraí amháin, faoi Chaibidil 49.

CAIBIDIL 39

PLAISTIGH AGUS EARRAÍ ATÁ DÉANTA ASTU

Nótaí

1. Ar fud na hainmníochta, ciallaíonn an abairt 'plaistigh' na hábhair sin faoi na ceannteidil 3901 go 3914 is féidir nó ab fhéidir, tráth an pholaiméirithe nó tráth éigin níos déanaí, a chur le chéile faoi bhrú seachtrach (teas agus brú de ghnáth, le tuaslagóir nó plaisteachán más gá) trí mhúnlú, teilgean, easbhrú, rolladh nó próiseas eile i gcruthanna a choinnítear nuair a bhaintear an tionchar seachtrach.

   Ar fud na hainmníochta, cumhdaítear snáithíní bolcánaithe freisin le haon tagairt do 'phlaistigh'. Ní bhaineann an abairt le hábhair a mheastar a bheith ina n-ábhair teicstíle de chuid Roinn XI.

2. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo:

   a) ullmhóidí bealaithe atá faoi cheannteideal 2710 nó 3403;

   b) céaracha atá faoi cheannteideal 2712 nó 3404;

   c) comhdhúile orgánacha ar leith a shainítear go ceimiceach (Caibidil 29);

   d) heipirin nó a chuid salann (ceannteideal 3001);

   e) tuaslagáin (seachas collóidiain) ina bhfuil aon cheann de na táirgí a shonraítear i gceannteidil 3901 go 3913 i dtuaslagóirí orgánacha so-ghalaithe nuair is mó meáchan an tuaslagóra ná 50 % de mheáchan an tuaslagáin (ceannteideal 3208); scragaill stampála faoi cheannteideal 3212;

   f) oibreáin dhromchlaghníomhacha orgánacha nó ullmhóidí faoi cheannteideal 3402;

g) guma reatha nó guma eistir (ceannteideal 3806);

h) breiseáin ullmhaithe eile le haghaidh olaí mianra (lena n-áirítear gásailín) nó le haghaidh leachtanna eile a úsáidtear chun na gcríoch céanna le holaí mianra (ceannteideal 3811);

ij) sreabháin hiodrálacha ullmhaithe atá bunaithe ar pholaigliocóil, sileacain nó polaiméir eile i gCaibidil 39 (ceannteideal 3819);

k) imoibreáin dhiagnóiseacha nó imoibreáin saotharlainne ar thaca plaisteach (ceannteideal 3822);

l) rubar sintéiseach, mar a shainítear chun críocha Chaibidil 40, nó earraí déanta as;

m) diallatra agus úmacha (ceannteideal 4201) nó truncaí, cásanna taistil, málaí láimhe nó coimeádáin eile faoi cheannteideal 4202;

n) trilseáin, earraí caolaigh nó earraí eile atá faoi Chaibidil 46;

o) clúdaigh bhalla atá faoi cheannteideal 4814;

p) na hearraí atá faoi Roinn XI (teicstílí agus earraí teicstíle);

q) earraí atá faoi Roinn XII (mar shampla, coisbheart, ceannbhearta, scáthanna fearthainne, scáthanna gréine, maidí siúil, fuipeanna, fuipeanna marcaíochta nó codanna díobh);

r) seodra bréige atá faoi cheannteideal 7117;

s) earraí atá faoi Roinn XVI (innealra agus fearais mheicniúla nó leictreacha);

t) páirteanna aerárthaí nó feithiclí faoi Roinn XVII;

u) earraí atá faoi Chaibidil 90 (mar shampla, eilimintí optúla, frámaí spéaclaí, uirlisí líníochta);

v) na hearraí atá faoi Chaibidil 91 (cásanna cloig agus cásanna uaireadóirí, mar shampla);

w) na hearraí atá faoi Chaibidil 92 (uirlisí ceoil nó codanna díobh, mar shampla);

x) na hearraí atá faoi Chaibidil 94 (troscán, soilsí agus feistis soilsithe, comharthaí soilsithe, foirgnimh réamhdhéanta, mar shampla);

y) na hearraí atá faoi Chaibidil 95 (bréagáin, cluichí, riachtanais spóirt, mar shampla); nó

z) na hearraí atá faoi Chaibidil 96 (scuaba, cnaipí, fáiscíní sleamhnáin, cíora, béalóga nó gais le haghaidh píopaí tobac, coinneálaithe toitíní nó a leithéidí, páirteanna d'fholúsfhlaigíní nó a leithéidí, pinn, pionsail tochrais, agus monapóidí, déchosaigh, tríchosaigh agus earraí dá samhail).

3. Maidir le ceannteidil 3901 go 3911 ní bhaineann siad ach leis na hearraí de chineál arna dtáirgeadh trí shintéis cheimiceach, earraí a thagann laistigh de na catagóirí seo a leanas:

a) pololaifíní sintéiseacha leachtacha is lú ná 60 % de réir toirte a dhriogtar ag 300 °C tar éis a dtiontaithe go 1 013 mbar nuair a bhaintear úsáid as modh driogtha brú laghdaithe (ceannteidil 3901 agus 3902);

b) roisíní, nach bhfuil ardpholaiméirithe, den chineál cúmarón-indéine (ceannteideal 3911);

c) polaiméirí sintéiseacha eile a bhfuil cúig aonad monaiméire ar a laghad acu ar an meán;

d) sileacóin (ceannteideal 3910);

e) reisil (ceannteideal 3909) agus réamhpholaiméirí.

4. Leis an abairt 'comhpholaiméirí', cumhdaítear na polaiméirí uile nach gcuireann aon aonad monaiméire amháin iontu 95 % nó níos mó leis an gcion polaiméire iomlán de réir meáchain.

Chun críocha na caibidle seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, aicmeofar comhpholaiméirí (lena n-áirítear comh-phola-chomhdhlútháin, táirgí comhpholasuimithe, comhpholaiméirí bloic agus comhpholaiméirí beangaithe) agus cumaisc pholaiméireacha sa cheannteideal a chumhdaíonn polaiméirí den aonad cómhonaiméire sin atá níos troime ná gach uile aonad cómhonaiméire eile. Chun críocha an nóta sin, tógfar le chéile comhaonaid chómhonaiméire de pholaiméirí a thagann faoin bhfo-cheannteideal céanna.

Mura bhfuil aon aonad cómhonaiméire aonair níos troime ná na cinn eile, tá na cumaisc pholaiméireacha agus chomhpholaiméirí, de réir mar is iomchuí, le haicmiú sa cheannteideal deireanach san ord uimhriúil ina measc siúd a bhfuil breithniú le déanamh orthu chomh maith céanna.

5. Polaiméirí atá modhnaithe go ceimiceach, eadhon iad siúd nár athraíodh ach aguisíní leis an bpríomhshlabhra polaiméire iontu trí imoibriú ceimiceach, tá siad le haicmiú sa cheannteideal is iomchuí don pholaiméir neamh-mhodhnaithe. Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le comhpholaiméirí beangaithe.

6. I gceannteidil 3901 go 3914, ní bhaineann an abairt 'foirmeacha príomhúla' ach leis na foirmeacha seo a leanas:

a) leachtanna agus leafaois, lena n-áirítear easráin (eibleachtaí agus fuaidreán) agus tuaslagáin;

b) bloic de chruth neamhrialta, cnapanna, púdair (lena n-áirítear púdair mhúnlaithe), gráinníní, calóga agus bulcfhoirmeacha comhchosúla.

7. Maidir le ceannteideal 3915, ní bhaineann sé le dramhaíl, dramh bearrtha agus dramhaíl d'ábhar aonair teirmeaplaisteach, as a ndéantar foirmeacha príomhúla (ceannteidil 3901 go 3914).

8. Chun críocha cheannteideal 3917, ciallaíonn an abairt 'feadáin, píopaí agus píobáin' táirgí tolla, bídís ina dtáirgí leathmhonaraithe nó ina dtáirgí críochnaithe, de chineál a úsáidtear chun gáis nó leachtanna a iompar, a sheoladh nó a dháileadh (píobán gairdín easnach, feadáin phollta, mar shampla). Cumhdaítear leis an abairt seo freisin craicne ispíní agus feadánra cothrom eile. Ach amháin i gcás na coda deiridh a luaitear, níor cheart a mheas gur feadáin, píopaí agus píobáin ach cruthanna próifíle iad siúd a bhfuil trasghearradh inmheánach iontu, seachas iad siúd atá cruinn, ubhchruthach, dronuilleogach (nach mó an fad atá iontu ná oiread go leith an leithid iontu) nó atá i gcruth polagán rialta.

9. Chun críocha cheannteideal 3918, an abairt 'clúdaigh bhalla nó síleála atá déanta as plaistigh' baineann sé le táirgí i rollaí, nach lú ná 45 cm ar leithead, atá oiriúnach le haghaidh maisiúchán balla nó síleála, ina bhfuil plaistigh atá feistithe go buan ar thaca d'aon ábhar seachas páipéar, an tsraith plaisteach (ar thaobh na haghaidhe) atá snaithíneach, cabhartha, daite, a bhfuil dearadh clóite uirthi nó atá maisithe ar bhealach eile.

10. I gceannteidil 3920 agus 3921, ní bhaineann an abairt 'plátaí, leatháin, scannán, scragall agus stiallacha' ach le plátaí, leatháin, scannán, scragall agus stiallacha (seachas iad siúd i gCaibidil 54) agus le bloic de ghnáthchruth geoiméadrach, bídís clóite nó dromchlashaothraithe ar bhealach eile nó ná bídís, neamhghearrtha nó gearrtha i ndronuilleoga (lena n-áirítear cearnóga) ach gan aon saothrú breise déanta orthu (fiú má dhéantar earraí astu atá réidh le húsáid nuair a ghearrtar amhlaidh iad).

11. Maidir le ceannteideal 3925 ní bhaineann sé ach leis na hearraí seo a leanas, nach táirgí iad a chumhdaítear le haon cheann de na ceannteidil a bhí ann níos luaithe i bhfochaibidil II:

a) taiscumair, tancanna (lena n-áirítear tancanna seipteacha), umair agus soithigh comhchosúla, a bhfuil toilleadh is mó ná 300 lítear iontu;

b) eilimintí struchtúracha a úsáidtear, mar shampla, in urláir, i mballaí nó i gcodanna, i síleálacha nó i ndíonta;

c) gáitéir agus feistis dóibh;

d) doirse, fuinneoga agus na frámaí a ghabhann leo, agus tairseacha i gcomhair doirse;

e) balcóiní, balastráidí, fálú, geataí agus bacainní comhchosúla;

f) comhlaí, dallóga (lena n-áirítear dallóga Veinéiseacha) agus nithe comhchosúla agus codanna agus feistis dóibh;

g) seilfre ar scála mór le haghaidh cóimeála agus buansuiteála: i siopaí, ceardlanna, stórais, mar shampla;

h) gnéithe ailtireachta ornáideacha: cuisliú, cúpólaí, colmlanna, mar shampla; agus

ij) feistis agus gléasanna suite atá ceaptha lena suiteáil go buan i ndoirse, fuinneoga, staighrí, ballaí nó codanna eile d'fhoirgnimh nó orthu: murláin, cosa, crúcaí, bracanna, ráillí tuáille, lascphlátaí agus plátaí cosanta eile, mar shampla.

Nótaí faoi na fo-cheannteidil

1. Laistigh d'aon cheannteideal amháin den chaibidil seo, tá polaiméirí (lena n-áirítear comhpholaiméirí) agus polaiméirí atá modhnaithe go ceimiceach le haicmiú i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas:

   a) i gcás ina mbeidh fo-cheannteideal ann ar a dtugtar 'Eile' sa tsraith chéanna:

      1) an t-ainmniú i bhfo-cheannteideal polaiméire leis an réamh-cheannteideal 'polai' (mar shampla, poileitiléin agus polaimíd-6,6), ciallaíonn nach mór 95 % nó níos mó den chomhaonad polaiméire de réir meáchain a bheith ar an gcomhábhar monaiméire nó aonaid mhonaiméire den pholaiméir ainmnithe a ghlactar le chéile;

      2) maidir leis na comhpholaiméirí a ainmnítear i bhfo-cheannteidil 3901 30, 3901 40, 3903 20, 3903 30 agus 3904 30 tá siad le haicmiú sna fo-cheannteidil sin, ar choinníoll gurb é atá sna haonaid chómhonaiméire ainmnithe 95 % nó níos mó de réir meáchain den chion polaiméire iomlán;

      3) polaiméirí atá modhnaithe go ceimiceach, tá siad le haicmiú san fho-cheannteideal 'Eile', ar choinníoll nach gcumhdaítear na polaiméirí atá modhnaithe go ceimiceach ar bhealach níos sonraí faoi fho-cheannteideal eile;

      4) polaiméirí nach gcomhlíonann (1), (2) ná (3) thuas, tá siad le haicmiú faoin bhfo-cheannteideal, faoi na fo-cheannteidil atá fágtha sa tsraith, lena gcumhdaítear polaiméirí den aonad monaiméire sin is troime de réir meáchain ná gach uile aonad cómhonaiméire eile. Chun na críche sin, tógfar le chéile comhaonaid monaiméirí de pholaiméirí a thagann faoin bhfo-cheannteideal céanna. Ní chuirfear i gcomparáid ach na comhaonaid pholaiméire sa tsraith ceannteideal atá á breithniú;

   b) i gcás nach n-ainmnítear 'eile' sa tsraith chéanna:

      1) déanfar polaiméirí a aicmiú faoin bhfo-cheannteideal lena gcumhdaítear polaiméirí den aonad monaiméire sin is troime ná gach aonad cómhonaiméire eile. Chun na críche sin, tógfar le chéile comhaonaid monaiméire polaiméirí a thagann faoin bhfo-cheannteideal céanna. Ní chuirfear i gcomparáid ach na comhaonaid cómhonaiméire sa tsraith atá á breithniú;

      2) polaiméirí atá modhnaithe go ceimiceach tá siad le haicmiú san fho-cheannteideal is iomchuí maidir leis an bpolaiméir neamh-mhodhnaithe.

   Aicmeofar cumaisc pholaiméireacha faoin bhfo-cheannteideal céanna le polaiméirí atá sna haonaid mhonaiméire chéanna sna comhréireanna céanna.

2. Chun críocha fho-cheannteideal 3920 43, cumhdaítear leis an téarma 'plaisteacháin' plaisteacháin thánaisteacha.

Nóta ceannteidil

1. *Sa chás nach bhfuil na fabraicí fite, cniotáilte nó cróiseáilte, ná feilt nó ábhair neamhfhite ann ach chun críocha atreisithe, is le Caibidil 39 a bhaineann lámhainní, mitíní nó miotóga atá tuilithe, brataithe nó clúdaithe le plaistigh cheallacha, fiú má tá an méid seo a leanas fíor ina leith:*

   — *go bhfuil siad rédhéanta as fabraicí fite, cniotáilte nó cróiseáilte (seachas fabraicí atá faoi cheannteideal 5903), feilt nó ábhair neamhfhite tuilithe, brataithe nó clúdaithe le plaistigh cheallacha, nó*

   — *go bhfuil siad rédhéanta as fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte nach bhfuil tuilte, brataithe ná clúdaithe agus a ndéantar iad a thuile, a bhratú nó a clúdach le plaistigh nó le rubar ina dhiaidh sin.*

   (Nóta 3(c) a ghabhann le Caibidil 56 agus nóta 2(a)(5) a ghabhann le Caibidil 59).

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	I. FOIRMEACHA PRÍOMHÚLA		
3901	**Polaiméirí eitiléine, i bhfoirmeacha príomhúla:**		
3901 10	– **Poileitiléin a bhfuil sainmheáchan is lú ná 0,94 inti:**		
3901 10 10	–– Poileitiléin líneach	6,5	—
3901 10 90	–– eile	6,5	—
3901 20	– **Poileitiléin a bhfuil sainmheáchan 0,94 nó níos mó inti:**		
3901 20 10	–– Poileitiléin i gceann amháin de na foirmeacha a luaitear i nóta 6(b) a ghabhann leis an gcaibidil seo, a bhfuil sainmheáchan 0,958 nó níos mó inti ag 23 °C, ina bhfuil an méid seo a leanas: — 50 mg/kg alúmanaim nó níos lú, — 2 mg/kg cailciam nó níos lú, — 2 mg/kg cróimiam nó níos lú, — 2 mg/kg cailciam nó níos lú, — 2 mg/kg nicile nó níos lú, — 2 mg/kg tíotáiniam nó níos lú agus — 8 mg/kg vanaidiam nó níos lú,chun poileitiléin chlórasulfónaithe a mhonarú ([1])	Díolúine	—
3901 20 90	–– eile	6,5	—
3901 30 00	– **Comhpholaiméirí vinilicéatáit eitiléine**	6,5	—
3901 40 00	– **Comhpholaiméirí olaifín alfa-eitiléine a bhfuil sainmheáchan is lú ná 0,94 inti**	6,5	—
3901 90	– **eile:**		
3901 90 30	–– roisín ianaiméir ina bhfuil salann trípholaiméir eitiléine a bhfuil aicrioláit iseabúitile agus aigéad meataicrileach ann; Comhpholaiméir bloic A-B-A de pholaistiréin, comhpholaiméir búitiléin eitiléine agus polaistiréin, ina bhfuil 35 % nó níos lú de stiréin de réir meáchain, i gceann amháin de na foirmeacha a luaitear i nóta 6(b) a ghabhann leis an gcaibidil seo	Díolúine	—
3901 90 80	–– eile	6,5	—
3902	**Polaiméirí déanta de phróipiléin nó d'olaifíní eile, i bhfoirmeacha príomhúla:**		
3902 10 00	– **Polapróipiléin**	6,5	—
3902 20 00	– **Poiliseabúitiléin**	6,5	—
3902 30 00	– **Comhpholaiméirí próipiléine**	6,5	—

([1]) Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj)).

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3902 90	– **eile:**		
3902 90 10	–– Comhpholaiméir bloic A-B-A de pholaistiréin, comhpholaiméir búitiléin eitiléine agus polaistiréin, ina bhfuil 35 % nó níos lú de stiréin de réir meáchain, i gceann amháin de na foirmeacha a luaitear i nóta 6(b) a ghabhann leis an gcaibidil seo	Díolúine	—
3902 90 20	–– Polabút-1-éin, comhpholaiméir bút-1-éin a bhfuil eitiléin inti ina bhfuil cion meáchain 10 % nó níos lú d'eitiléin, nó meascán de pholabút-1-éin le poileitiléin agus/nó le polapróipiléin ina bhfuil cion meáchain 10 % nó níos lú de phoileitiléin agus/nó 25 % nó níos lú de pholapróipiléin, i gceann amháin de na foirmeacha a luaitear i nóta 6(b) a ghabhann leis an gcaibidil seo	Díolúine	—
3902 90 90	–– eile	6,5	—
3903	**Polaiméirí stiréine, i bhfoirmeacha príomhúla:**		
	– **Polaistiréin:**		
3903 11 00	–– **Insínte**	6,5	—
3903 19 00	–– **eile**	6,5	—
3903 20 00	– **Comhpholaiméirí stiréin aicrilinítríle (SAN)**	6,5	—
3903 30 00	– **Comhpholaiméirí stiréin bhútaidhé-éine aicrilinítríle (ABS)**	6,5	—
3903 90	– **eile:**		
3903 90 10	–– Comhpholaiméir, nach bhfuil inti ach stiréin le halcól aillile, a bhfuil luach aicéitile de 175 nó níos mó aici	Díolúine	—
3903 90 20	–– Polaistiréin bhróiminithe, ina bhfuil cion meáchain 58 % nó níos mó ach nach mó ná 71 % de bhróimín, i gceann amháin de na foirmeacha a luaitear i nóta 6(b) a ghabhann leis an gcaibidil seo	Díolúine	—
3903 90 90	–– eile	6,5	—
3904	**Polaiméirí de chlóiríd vinile nó d'olaifíní halaiginithe eile, i bhfoirmeacha príomhúla:**		
3904 10 00	– **Clóiríd pholaivinile, nach measctar le substaintí eile**	6,5	—
	– **Clóiríd pholaivinile eile:**		
3904 21 00	–– **De chineál neamhphlaistithe**	6,5	—
3904 22 00	–– **De chineál plaistithe**	6,5	—
3904 30 00	– **Comhpholaiméirí vinilaicéatáit clóiríd vinile**	6,5	—
3904 40 00	– **Comhpholaiméirí clóiríd vinile eile**	6,5	—
3904 50	– **Polaiméirí clóiríd vinilídéine:**		
3904 50 10	–– Comhpholaiméirí clóiríd vinilídéine ina bhfuil aicrilinítríl, i bhfoirm mónóg insínte a bhfuil trastomhas 4 mhicriméadar nó níos mó iontu, ach trastomhas nach mó ná 20 micriméadar	Díolúine	—
3904 50 90	–– eile	6,5	—
	– **Fluarapholaiméirí:**		
3904 61 00	–– **Polaiteitreafluaireitiléin**	6,5	—
3904 69	–– **eile:**		
3904 69 10	––– Fluairíd pholaivinile, i gceann amháin de na foirmeacha a luaitear i nóta 6(b) a ghabhann leis an gcaibidil seo	Díolúine	—
3904 69 20	––– Fluaraileaistiméirí FKM	6,5	—
3904 69 80	––– eile	6,5	—
3904 90 00	– **eile**	6,5	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3905	**Polaiméirí de chlóiríd vinile nó d'olaifíní halaiginithe eile, i bhfoirmeacha príomhúla; polaiméirí aicrileacha eile, i bhfoirmeacha príomhúla:**		
	– **Aicéatáit pholaivinile:**		
3905 12 00	–– **In easrú uiscí**	6,5	—
3905 19 00	–– **eile**	6,5	—
	– **Comhpholaiméirí vinilaicéatáite:**		
3905 21 00	–– **In easrú uiscí**	6,5	—
3905 29 00	–– **eile**	6,5	—
3905 30 00	– **Alcól polaivinile, bíodh grúpaí aicéatáit neamh-hidrealaithe ann nó ná bíodh**	6,5	—
	– **eile:**		
3905 91 00	–– **Comhpholaiméirí**	6,5	—
3905 99	–– **eile:**		
3905 99 10	––– Polaivinil formalach, i gceann amháin de na foirmeacha a luaitear i nóta 6(b) a ghabhann leis an gcaibidil seo, ag a bhfuil meáchan móilíneach 10 000 nó níos mó ach nach mó ná 40 000 agus ina bhfuil an méid seo a leanas de réir meáchain: — 9,5 % nó níos mó ach nach mó ná 13 % de ghrúpaí aicéitile a mheastar ina aicéatáit vinile agus — 5 % nó níos mó ach nach mó ná 6,5 % d'hiodrocsaghrúpaí a mheastar ina alcól vinile	Díolúine	—
3905 99 90	––– eile	6,5	—
3906	**Polaiméirí aicrileacha, i bhfoirmeacha príomhúla:**		
3906 10 00	– **Polai(meitilmeataicrioláit)**	6,5	—
3906 90	– **eile:**		
3906 90 10	–– Pola[*N*(3-hiodrocsaimín-1,1-démheitiolbúitil)aicriolaimíd]	Díolúine	—
3906 90 20	–– Comhpholaiméir 2-dhé-iseapróipilaimíneitil meataicrioláit a bhfuil meataicrioláit decile inti, i bhfoirm tuaslagáin in *N*,*N*-démeitilaicéataimíd, ina bhfuil cion meáchain 55 % nó níos mó de chomhpholaméir	Díolúine	—
3906 90 30	–– Comhpholaiméir aigéad aicrileach a bhfuil 2-eitilheicsil aicrioláit inti, ina bhfuil cion meáchain 10 % nó níos mó ach nach mó ná 11 % de 2-eitilheicsil aicrioláit	Díolúine	—
3906 90 40	–– Comhpholaiméir d'aicrilinítríl agus meitil aicrioláit, a mhodhnaítear le polabútaidhé-éin aicrilinítríl (NBR)	Díolúine	—
3906 90 50	–– Táirge an pholaiméirithe d'aigéad aicrileach agus meataicrioláit ailcile agus líon beag monaiméirí eile, lena úsáid mar thiúsóir i monarú taois phriontála teicstílí [1]	Díolúine	—
3906 90 60	–– Comhpholaiméir de mheitil aicrioláit agus eitiléin agus monaiméir ina bhfuil carbocsaghrúpa neamhtheirminéalach mar mhalartaí, ina bhfuil cion meáchain 50 % nó níos mó de mheitil aicrioláit, bíodh silice ina chomhdhúil inti nó ná bíodh	5	—
3906 90 90	–– eile	6,5	—
3907	**Pola-aicéatail, polai-éatair eile agus roisíní eapocsaíde i bhfoirmeacha príomhúla; polacharbonáití, roisíní ailcíde, eistir polaillile agus poileistir eile, i bhfoirmeacha príomhúla:**		
3907 10 00	– **Polaicéatail**	6,5	—

[1] Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj)).

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	– **Polai-éatair eile:**		
3907 21 00	–– **Meitiolfosfónáit bhis(pholocsa-eitiléine)**	6,5	—
3907 29	–– **eile:**		
	––– Alcóil pholai-éatair:		
3907 29 11	–––– Gliocóil phoileitiléine	6,5	—
3907 29 20	–––– eile	6,5	—
	––– eile:		
3907 29 91	–––– Comhpholaiméir de 1-clór-2,3-eapocsaprópán a bhfuil ocsaíd eitiléine inti	Díolúine	—
3907 29 99	–––– eile	6,5	—
3907 30 00	– **Roisíní epocsaíde**	6,5	—
3907 40 00	– **Polacarbónáití**	6,5	—
3907 50 00	– **Roisíní ailcíde**	6,5	—
	– **Teireataláit phoileitléine:**		
3907 61 00	–– **A bhfuil an uimhir slaodachta 78 ml/g nó níos airde aici**	6,5	—
3907 69 00	–– **eile**	6,5	—
3907 70 00	– **Aigéad polalachtach**	6,5	—
	– **Polai-éatair eile:**		
3907 91	–– **iad neamhsháithithe:**		
3907 91 10	––– iad i bhfoirm leachtach	6,5	—
3907 91 90	––– eile	6,5	—
3907 99	–– **eile:**		
3907 99 05	––– Comhpholaiméirí teirmeaplaisteacha poileistir aramataigh leachtchriostail	Díolúine	—
3907 99 10	––– Pola(éitiléin naftailéin-2,6-décharbocsaláit)	Díolúine	—
3907 99 80	––– eile	6,5	—
3908	**Polaimídí i bhfoirmeacha príomhúla:**		
3908 10 00	– **Polaimíd-6, -11, -12, - 6,6, - 6,9, - 6,10 nó - 6,12**	6,5	—
3908 90 00	– **eile**	6,5	—
3909	**Aimínea-roisíní, roisíní fionólacha agus polúireatáin, i bhfoirmeacha príomhúla:**		
3909 10 00	– **Roisíní úiré; roisíní tia-úiré**	6,5	—
3909 20 00	– **Roisíní mealaimín**	6,5	—
	– **Aimínea-roisíní eile:**		
3909 31 00	–– **Poilisicianáit feinile mheitiléine (MDI amh, MDI polaiméireach)**	6,5	—
3909 39 00	–– **eile**	6,5	—
3909 40 00	– **Roisíní fionólacha**	6,5	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3909 50	– **Polúireatáin:**		
3909 50 10	–– Polúireatán 2,2'-(*treas*-Bhúitilímínó)dé-eatánól agus 4,4'-meitiléindéchioglaiheicsiol dé-isicianáit i bhfoirm tuaslagáin in *N*,*N*-démeitil-lachtáitaimíd, ina bhfuil cion meachain 50 % nó níos mó de pholaméir	Díolúine	—
3909 50 90	–– eile	6,5	—
3910 00 00	**Sileacóin i bhfoirmeacha príomhúla**	6,5	—
3911	**Roisíní peitroliam, roisíní cúmarón-indéine, polaiteirpéiní, polasuilfídí, polasulfóin agus táirgí eile a shonraítear i nóta 3 a ghabhann leis an gcaibidil seo, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile, i bhfoirmeacha príomhúla:**		
3911 10 00	– **Roisíní peitriliam, roisíní cúmaróin, indéine cúmarón-indéine agus polaiteirpéiní**	6,5	—
3911 20 00	– **Pola(meitiolfosfónáit 1,3-feiniléine)**	6,5	—
3911 90	– **eile:**		
	–– Comhdhlúthú nó athshocrú táirgí polaiméirithe, bídís modhnaithe go ceimiceach nó ná bíodh:		
3911 90 11	––– Pola(ocsai-1,4-feiniléinsulfóinil-1,4-feiniléinocsa-1,4-feiniléinisapróipilidéin-1,4-feiniléin), i gceann amháin de na foirmeacha a luaitear i nóta 6(b) a ghabhann leis an gcaibidil seo	3,5	—
3911 90 13	––– Polai(tiai-1,4-feiniléin)	Díolúine	—
3911 90 19	––– eile	6,5	—
	–– eile:		
3911 90 92	––– Comhpholaiméir de *p*-créasóil agus dévinilbeinséin, i bhfoirm tuaslagáin in *N*,*N*-démeitilaicéataimíd, ina bhfuil cion meáchain 50 % nó níos mó de pholaméir; comhpholaiméirí hidriginithe de viniltolúéin agus α-meitilstiréin	Díolúine	—
3911 90 99	––– eile	6,5	—
3912	**Ceallalós agus na díorthaigh a bhaintear as, nach sonraítear ná nach n-áirítear in aon áit eile, i bhfoirmeacha príomhúla:**		
	– **Aicéatáití ceallalóis:**		
3912 11 00	–– **De chineál neamhphlaistithe**	6,5	—
3912 12 00	–– **De chineál plaistithe**	6,5	—
3912 20	– **Níotráití ceallalóis (lena n-áirítear collóidiain):**		
	–– De chineál neamhphlaistithe:		
3912 20 11	––– Collóidiain agus ceallóidin	6,5	—
3912 20 19	––– eile	6	—
3912 20 90	–– De chineál plaistithe	6,5	—
	– **Éitir ceallalóis:**		
3912 31 00	–– **Ceallalós carbocsaimeitile agus na cineálacha salainn a bhíonn ann**	6,5	—
3912 39	–– **eile:**		
3912 39 20	––– Hiodrocsapróipilceallalós	Díolúine	—
3912 39 85	––– eile	6,5	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3912 90	– **eile:**		
3912 90 10	–– Eistir ceallalóis	6,4	—
3912 90 90	–– eile	6,5	—
3913	**Polaiméirí nádúrtha (mar shampla aigéad ailgineach) agus polaiméirí nádúrtha modhnaithe (mar shampla próitéiní cruaite, díorthaigh cheimiceacha ó rubar nádúrtha), nach sonraítear ná nach n-áirítear in aon áit eile, i bhfoirmeacha príomhúla:**		
3913 10 00	– **Aigéad ailgineach, a chuid salann agus eistear**	5	—
3913 90 00	– **eile**	6,5	—
3914 00 00	**Malartóirí ian atá bunaithe ar pholaiméirí faoi na teidil 3901 ó 3913, i bhfoirmeacha príomhúla**	6,5	—
	II. DRAMHAÍL, DRAMH BEARRTHA AGUS FUÍOLL; LEATHMHONARAITHE; EARRAÍ		
3915	**Dramhaíl, dramh bearrtha agus fuíoll, iad as plaistigh:**		
3915 10	– **iad déanta as polaiméirí d 'eitiléin:**		
3915 10 10	–– ina bhfuil sainmheáchan is lú ná 0,94 (mar shampla, PE-LD)	6,5	—
3915 10 20	–– ina bhfuil sainmheáchan 0,94 nó níos mó (mar shampla PE-HD)	6,5	—
3915 20 00	– **é déanta as polaiméirí de stiréin**	6,5	—
3915 30 00	– **iad déanta as polaiméirí de chlóiríd vinile**	6,5	—
3915 90	– **iad déanta as plaistigh eile:**		
3915 90 11	–– iad déanta as polaiméirí den phróipiléin	6,5	—
3915 90 20	–– de pholaiméirí teireataláit eitiléine (mar shampla, PET)	6,5	—
3915 90 70	–– eile	6,5	—
3916	**Aonfhiliméad ar mó aon diminsean trasghearrthach dá chuid ná 1 mm, slata, maidí agus cruthanna próifíle, bíodh saoirsiú déanta ar an dromchla orthu nó ná bíodh ach neamhshaoirsithe seachas sin, as plaistigh:**		
3916 10 00	– **iad déanta as polaiméirí d 'eitiléin**	6,5	—
3916 20 00	– **iad déanta as polaiméirí de chlóiríd vinile**	6,5	—
3916 90	– **iad déanta as plaistigh eile:**		
3916 90 10	–– iad déanta as táirgí polaiméirithe comhdhlúthúcháin nó athchóirithe, bídís modhnaithe go ceimiceach nó ná bídís	6,5	—
3916 90 50	–– Déanta as táirgí polaiméirithe suimithe	6,5	—
3916 90 90	–– eile	6,5	—
3917	**Feadáin, píopaí agus píobáin agus feistis dóibh (mar shampla, ailt, uillinneacha, feirí), iad déanta as plaistigh:**		
3917 10	– **Putóga saorga (craiceann ispíní) atá déanta as próitéiní cruaite nó as ábhair ceallalóis:**		
3917 10 10	–– iad déanta as próitéiní cruaite	5,3	—
3917 10 90	–– iad déanta ábhair ceallalóis	6,5	—
	– **Feadáin, píopaí agus píobáin, docht:**		
3917 21	–– **iad déanta as polaiméirí d 'eitiléin:**		
3917 21 10	––– De chineál gan chiumhais agus atá níos faide ná an t-uasdiminsean trasghearrthach, bídís dromchla-shaoirsithe nó ná bídís ach neamhshaoirsithe seachas sin	6,5	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3917 21 90	– – – eile	6,5	—
3917 22	– – **iad déanta as polaiméirí den phróipiléin:**		
3917 22 10	– – – De chineál gan chiumhais agus atá níos faide ná an t-uasdiminsean trasghearrthach, bídís dromchla-shaoirsithe nó ná bídís ach neamhshaoirsithe seachas sin	6,5	—
3917 22 90	– – – eile	6,5	—
3917 23	– – **iad déanta as polaiméirí de chlóiríd vinile:**		
3917 23 10	– – – De chineál gan chiumhais agus atá níos faide ná an t-uasdiminsean trasghearrthach, bídís dromchla-shaoirsithe nó ná bídís ach neamhshaoirsithe seachas sin	6,5	—
3917 23 90	– – – eile	6,5	—
3917 29 00	– – **iad déanta as plaistigh eile**	6,5	—
	– **Feadáin, píopaí agus píobáin eile:**		
3917 31 00	– – **Feadáin, píopaí agus píobáin atá solúbtha, a bhfuil íosbhrú pléasctha 27,6 MPa iontu**	6,5	—
3917 32 00	– – **Eile, nach bhfuil treisithe nó i gcumasc ar bhealach eile le hábhair eile, gan feistis**	6,5	—
3917 33 00	– – **Eile, nach bhfuil treisithe nó i gcumasc ar bhealach eile le hábhair eile, a bhfuil feistis orthu**	6,5	—
3917 39 00	– – **eile**	6,5	—
3917 40 00	– **Feistis**	6,5	—
3918	**Clúdaigh urláir as plaistigh, bídís déanta le greamú uathu féin nó ná bíodh, ina rollaí nó i bhfoirm tíleanna; clúdaigh balla nó síleála déanta as plaistigh, mar atá sainmhínithe i nóta 9 den chaibidil seo:**		
3918 10	– **iad déanta as polaiméirí de chlóiríd vinile:**		
3918 10 10	– – De chineál a bhfuil taca ann atá tuilithe, brataithe nó clúdaithe le polaivinilclóiríd	6,5	m^2
3918 10 90	– – eile	6,5	m^2
3918 90 00	– **iad déanta as plaistigh eile**	6,5	m^2
3919	**Plátaí, leatháin, scannán, scragaill, téip, stiallacha atá déanta le greamú uathu féin agus cruthanna cothroma eile déanta as plaistigh, bídís ina rollaí nó ná bíodh:**		
3919 10	– **De chineál atá ina rollaí a bhfuil leithead nach mó ná 20 cm iontu:**		
	– – Stiallacha, a bhfuil an bratú atá orthu déanta as rubar neamhbholcánaithe nádúrtha nó sintéiseach:		
3919 10 12	– – – iad déanta as polaivinilclóiríd phlaistithe nó as poileitiléin	6,3	—
3919 10 15	– – – as polapróipiléin	6,3	—
3919 10 19	– – – eile	6,3	—
3919 10 80	– – eile	6,5	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
3919 90	– **eile:**		
3919 90 20	–– Spúinsí ciorclacha atá déanta le greamú uathu féin le haghaidh snasú agus iad de chineál a úsáidtear chun sliseoga leathsheoltóra a mhonarú	Díolúine	—
3919 90 80	–– eile	6,5	—
3920	**Plátaí, leatháin, scannán, scragall agus stiallacha eile, as plaistigh neamhcheallacha, nach bhfuil treisithe, lannaithe, faoi thacú nó i gcumasc de chineálsin le hábhair eile:**		
3920 10	– **iad déanta as polaiméirí d 'eitiléin:**		
	–– atá ar tiús nach mó ná 0,125 mm:		
	––– iad déanta as poileitiléin a bhfuil sainmheáchan iontu atá:		
	–––– atá níos lú ná 0,94:		
3920 10 23	––––– Scannán poileitiléine atá ar tiús 20 micriméadar nó níos mó ach nach mó ná 40 micriméadar, ar mhaithe le táirgeadh scannáin fótafhriotaí a úsáidtear chun leathsheoltóirí nó ciorcaid phriontáilte a mhonarú ([1])	Díolúine	—
3920 10 24	––––– Scannán sínteach, de chineál nach bhfuil priontáilte	6,5	—
3920 10 25	––––– eile	6,5	—
3920 10 28	–––– 0,94 nó níos mó	6,5	—
3920 10 40	––– eile	6,5	—
	–– atá ar tiús is mó ná 0,125 mm:		
3920 10 81	––– Laíon páipéir sintéiseach i bhfoirm bileog tais a dhéantar as fibrilí poileitiléine mínbhrainseacha neamhnasctha, bídís cumaiscthe le snáithíní ceallalóise ina bhfuil cion nach mó é ná 15 % nó ná bídís, ina bhfuil pola(alcól vinile) agus é tuaslagtha in uisce ina oibreán taisithe	Díolúine	—
3920 10 89	––– eile	6,5	—
3920 20	– **iad déanta as polaiméirí den phróipiléin:**		
	–– atá ar tiús nach mó ná 0,10 mm:		
3920 20 21	––– Den chineál atá dírithe go dé-aiseach	6,5	—
3920 20 29	––– eile	6,5	—
3920 20 80	–– atá ar tiús is mó ná 0,10 mm	6,5	—
3920 30 00	– **é déanta as polaiméirí de stiréin**	6,5	—
	– **iad déanta as polaiméirí de chlóiríd vinile:**		
3920 43	–– **De chineál ina bhfuil cion plaisteachán nach lú ná 6 % de réir meáchain:**		
3920 43 10	––– atá ar tiús nach mó ná 1 mm	6,5	—
3920 43 90	––– atá ar tiús is mó ná 1 mm	6,5	—
3920 49	–– **eile:**		
3920 49 10	––– atá ar tiús nach mó ná 1 mm	6,5	—
3920 49 90	––– atá ar tiús is mó ná 1 mm	6,5	—

([1]) Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj)).

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	– é déanta as polaiméirí aicrileacha:		
3920 51 00	–– **é déanta as meataicrioláit polaimeitile**	6,5	—
3920 59	–– **eile:**		
3920 59 10	––– Comhpholaiméir d'eistir aicrileacha agus mheataicrileacha, i bhfoirm scannáin atá ar tiús nach mó ná 150 micriméadar	Díolúine	—
3920 59 90	––– eile	6,5	—
	– í déanta as polacarbónáití, roisíní ailcídeacha, poileistir aillile nó poileistir eile:		
3920 61 00	–– **í déanta as polacarbónáití**	6,5	—
3920 62	–– **í déanta as polai(eitléinteireataláit):**		
	––– atá ar tiús nach mó ná 0,35 mm:		
3920 62 12	–––– Scannán polai(eitléinteireataláit) atá ar tiús nach mó ná 72 mhicriméadar nó níos mó ach nach mó ná 79 micriméadar, chun dioscaí maighnéadacha solúbtha a mhonarú [1]; scannán polai(eitléinteireataláit) atá 100 mhicriméadar nó níos mó ar tiús ach nach mó ná 150 micriméadar, chun plataí priontála fótapholaiméire a mhonarú [1]	Díolúine	—
3920 62 19	–––– eile	6,5	—
3920 62 90	––– atá ar tiús is mó ná 0,35 mm	6,5	—
3920 63 00	–– **é déanta as poileistir neamhsháithithe**	6,5	—
3920 69 00	–– **é déanta as poileistir eile**	6,5	—
	– é déanta as ceallalós nó as na díorthaigh cheimiceacha a bhaintear as:		
3920 71 00	–– **é déanta as ceallalós athghinte**	6,5	—
3920 73	–– **é déanta as aicéatáit cheallalóis:**		
3920 73 10	––– Scannán ina rollaí nó ina stiallacha, le haghaidh na cineamatagrafaíochta nó na grianghrafadóireachta	6,3	—
3920 73 80	––– eile	6,5	—
3920 79	–– **é déanta as díorthaigh ceallalóis eile:**		
3920 79 10	––– é déanta as snáithíní bolcánaithe	5,7	—
3920 79 90	––– eile	6,5	—
	– é déanta as plaistigh eile:		
3920 91 00	–– **é déanta as bútaral polaivinile**	6,1	—
3920 92 00	–– **é déanta as polaimídí**	6,5	—
3920 93 00	–– **é déanta as aimínearoisíní**	6,5	—
3920 94 00	–– **é déanta as roisíní fionólacha**	6,5	—
3920 99	–– **é déanta as plaistigh eile:**		
	––– é déanta as táirgí polaiméirithe comhdhlúthúcháin nó athchóirithe, bídís modhnaithe go ceimiceach nó ná bíodh:		
3920 99 21	–––– Scragall poilimíde agus stiallacha phoilimíde, neamhbhrataithe, nó brataithe nó clúdaithe le plaisteach amháin	Díolúine	—
3920 99 28	–––– eile	6,5	—

[1] Maidir le hiontráil a dhéanamh faoin bhfo-cheannteideal seo, tá sé sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj)).

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	−−− Déanta as táirgí polaiméirithe suimithe:		
3920 99 52	−−−− Leathán pola(alcól vinile); atá dírithe go dé-aiseach, ina bhfuil 97 % nó níos mó pola(alcól vinile) de réir meáchain, neamhbhrataithe, nach mó ná 1 mm ar tiús	Díolúine	—
3920 99 53	−−−− Seicní ianmhalartaithe d'ábhar plaisteach fluairínithe, le húsáid i gcealla clór-alcaileacha leictrealaíocha ([1])	Díolúine	—
3920 99 59	−−−− eile	6,5	—
3920 99 90	−−− eile	6,5	—
3921	**Plátaí, brait, scannán, scragall agus stiallacha eile, déanta as plaistigh:**		
	– Ceallach:		
3921 11 00	−− **iad déanta as polaiméirí de stiréin**	6,5	—
3921 12 00	−− **iad déanta as polaiméirí de chlóiríd vinile**	6,5	—
3921 13	−− **iad déanta as polúireatáin:**		
3921 13 10	−−− De chineál solúbtha	6,5	—
3921 13 90	−−− eile	6,5	—
3921 14 00	−− **iad déanta as ceallalós athghinte**	6,5	—
3921 19 00	−− **iad déanta as plaistigh eile**	6,5	—
3921 90	**– eile:**		
	−− iad déanta as táirgí polaiméirithe comhdhlúthúcháin nó athchóirithe, bídís modhnaithe go ceimiceach nó ná bíodh:		
3921 90 10	−−− iad déanta as poileistir	6,5	—
3921 90 30	−−− iad déanta as roisíní fionólacha	6,5	—
	−−− iad déanta as aimínearoisíní:		
	−−−− De chineál lannaithe:		
3921 90 41	−−−−− Lannáin ardbhrú a bhfuil dromchla maisiúcháin orthu ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh	6,5	—
3921 90 43	−−−−− eile	6,5	—
3921 90 49	−−−− eile	6,5	—
3921 90 55	−−− eile	6,5	—
3921 90 60	−− Déanta as táirgí polaiméirithe suimithe	6,5	—
3921 90 90	−− eile	6,5	—
3922	**Folcadáin, cithfholcadáin, doirtil, báisíní níocháin, bidets, pannaí leithris, suíocháin agus clúdaigh, sistéil shruthlaithe agus earraí sláintíocha, as plaistigh:**		
3922 10 00	**– Folcadáin, cithfholcadáin, doirtil agus báisíní níocháin**	6,5	—
